AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2017
COM(2017) 262 final

2017/0102 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1288/2013, (AE) Uimh. 1293/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE**

{SWD(2017) 166 final}
{SWD(2017) 167 final}
{SWD(2017) 168 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, luach comhroinnte atá go tréan i ngach gné de shochaí na hEorpa. Tá an dlúthpháirtíocht ar an tsaintréith is tábhachtaí dá bhfuil sa tionscadal Eorpach agus is aisti a thagann an aontacht is gá chun déileáil le géarchéimeanna atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí tríd an bhfód morálta a sheasamh. Tá an dlúthpháirtíocht ina treoir rialaithe ag aos óg na hEorpa maidir leis na mianta atá acu ar son Aontas níos fearr. I nDearbhú na Róimhe, ag ócáid an 60ú comóradh ar Chonarthaí na Róimhe, d'athdhearbhaigh ceannairí seacht gcinn is fiche de na Ballstáit, agus ceannaire na Comhairle Eorpaí, ceannaire Pharlaimint na hEorpa, agus ceannaire an Choimisiúin Eorpaigh, d'athdhearbhaigh siad a dtiomantas an aontacht agus an dlúthpháirtíocht a neartú d'fhonn an tAontas Eorpach a dhéanamh níos tréine agus níos athléimní[1].

San aitheasc ar Staid an Aontais a tugadh an 14 Meán Fómhair 2016 cuireadh béim ar leith ar an ngá infheistíocht a dhéanamh i ndaoine óga agus fógraíodh smaoineamh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach chun deiseanna a thabhairt do dhaoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh páirt a ghlacadh sa tsochaí ar dhóigh a mbeadh éifeacht léi, chun dlúthpháirtíocht a léiriú agus chun a gcuid scileanna a fhorbairt. Ar an dóigh sin "agus ní hamháin go bhfaighidh siad obair as [sin], ach sealbhóidh siad taithí luachmhar ar shaol an duine daonna dá bharr freisin". Ag Cruinniú Mullaigh na Bratasláive an 16 Meán Fómhair 2016 iarradh breis iarrachtaí polaitiúla a dhéanamh chun tacú le hEorpaigh óga agus chun cláir nua de chuid an Aontais a bhunú a thabharfadh deiseanna níos fearr dóibh. I dTeachtaireacht an 7 Nollaig 2016 ón gCoimisiún dar teideal "Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach"[2], seoladh an chéad chéim de Chór agus luadh arís an sprioc 100 000 Eorpach óg a bheith ag glacadh páirte sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoi 2020. Le linn na chéad chéime seo, cuireadh ocht gclár éagsúil de chuid an Aontais ar bun[3] chun deiseanna saorálaíochta, tréimhse oiliúna agus fostaíochta a thairiscint do dhaoine óga ar fud an Aontais.

Is freagairt an togra seo freisin ar an iarratas a rinne an Chomhairle Eorpach ina Conclúidí dar dáta an 15 Nollaig 2016 obair an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a thabhairt chun tosaigh[4], agus tá sé ar cheann de thionscnaimh tosaíochta an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2017[5], ina dtugann Uachtaráin na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin tiomantas chun iarrachtaí a n-institiúidí a shruthlíniú le dul chun cinn tapa reachtaíochta a áirithiú ar thionscnaimh tosaíochta d'fhonn iad a sheachadadh roimh dheireadh 2017.

---

1 http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2017/03/25-rome-declaration/

2 An Coimisiún Eorpach (2016): "Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach", Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún (COM(2016) 942 final, 7.12.2016).

3 An clár Erasmus+, Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), an clár LIFE (Ionstraim Airgeadais maidir leis an gComhshaol), an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Clár Sláinte, an clár Eoraip do Shaoránaigh, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (trí Interreg – tionscnamh Comhphobail maidir le réigiúin teorann) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

4 http://www.consilium.europa.eu/en/meetings/european-council/2016/12/20161215-euco-conclusions-final_pdf/

5 "Aontas a bhainfidh torthaí amach ar dhóigh níos fearr agus le breis gastachta: dearbhú comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2017 i ndiaidh a shínithe ag trí institiúid", IP/16/4360.

Tugann an togra seo creat dlíthiúil don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun deiseanna a thabhairt do dhaoine óga gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dhéanamh a chabhróidh riar ar riachtanais sa tsochaí nach bhfuiltear ag riar orthu faoi láthair, agus san am céanna a chuirfidh feabhas ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil daoine óga. Agus an togra seo á chur le chéile ag an gCoimisiún, tá an fhianaise agus na torthaí a bailíodh le linn na meastóireachtaí *ex-ante* atá ag gabháil leis curtha san áireamh, chomh maith le tuairimí agus moltaí a bailíodh trí phróiseas forleathan comhairliúcháin oscailte, a bhfuil cur síos níos mionsonraithe orthu sna ranna cuí thíos. Chabhraigh an obair ullmhúcháin sin na bearnaí a shainaithint a bhfuil sé d'aidhm ag an togra seo déileáil leo.

Tá go leor daoine óga ann ar mhaith leo dul i ngleic le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus, san am céanna, tá go leor riachtanas ann nach bhfuil freastal orthu i bpobail a bhféadfaí freastal níos fearr a dhéanamh orthu ach daoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta. Tá éileamh nár bhain cuid mhór eagraíochtaí leas as chun go dtacódh daoine óga tiomanta leo ina gcuid iarrachtaí; dá dtabharfaí tacaíocht dóibh, d'fhéadfadh na heagraíochtaí seo níos mó fós a chur ar fáil do phobail. Tá easnaimh ann, áfach, sa mheaitseáil idir soláthar agus éileamh agus tá constaicí ann a bhaineann le fáil a bheith ar acmhainní, dea-cháilíocht a áirithiú, chomh maith le gnéithe éagsúla dlíthiúla.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an réimse seo mar a leanas:

– le blianta beaga anuas, níl infheistíocht leordhóthanach déanta ag ár sochaí i gcumasú Eorpaigh óga chun dul i ngleic go héifeachtúil le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, mar shaorálaithe nó trí ghníomhaíochtaí ceirde. Tar éis na géarchéime domhanda agus geilleagraí tá bunús níos cobhsaí anois faoi gheilleagar an Aontais, ach tá an téarnamh eacnamaíochta leithdháilte go míchothrom fós ar fud na sochaí agus na réigiún agus tá an dúshlán is géire ann roimh an nglúin óg. Tá acmhainneacht mhaith ag gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta chun daoine óga a shlógadh ar son dea-chúiseanna agus cabhrú leo a gcuid eolais, scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt nó beidh géargá leis sin dá bhforbairt phearsanta, shochoideachasúil, ghairmiúil agus shibhialta. Is fíor seo i gcás gach duine óig, iad siúd a thagann ó chúlra faoi mhíbhuntáiste san áireamh. Is saincheist í rannpháirtíocht na ndaoine óga sin a spreagadh i dtreo gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar gá a mheas sa chomhthéacs seo;

– teastaíonn sraith mhaith eagraíochtaí dinimiciúla (idir phríobháideacha agus phoiblí, idir bhrabúsacha agus neamhbhrabúsacha) chun freastal ar dhlúthpháirtíocht agus tógáil ar chomhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus sibhialta). Sa chomhthéacs seo, is gá freastal níos fearr a dhéanamh ar eagraíochtaí dá leithéidí, go háirithe iad sin a oibríonn ar leibhéal an ghnáthphobail leo sin is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Teastaíonn tacaíocht ó eagraíochtaí a chruthaíonn agus a thairgeann socrúcháin dlúthpháirtíochta, ó thaobh acmhainní de, a áirithíonn oiliúint agus ullmhúchán cuí do shaorálaithe, d'oiliúnaithe nó d'oibrithe chomh maith le bheith gníomhach i gcomhthéacs Eorpach. Teastaíonn rialacha soiléire agus simplí ó eagraíochtaí freisin;

– tá tírdhreach na – ndeiseanna dlúthpháirtíochta – bíodh sé ó thaobh na ceirde nó na saorálaíochta de – an-ilroinnte ar fud an Aontais. Áit a bhfuil deiseanna ar fáil, is minic a bhíonn easpa feasachta ann. Éiríonn easnaimh de dheasca na hilroinnte seo maidir le tuiscint, doiciméadú agus bailíochtú ó thaobh gach ar fhoghlaim na daoine óga ó bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta faoi leith.

Tá baol ann nach dtapaítear an deis thábhachtach le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, agus easpa beart ann chun eagraíochtaí agus daoine óga a thabhairt le chéile

ar an dlúthpháirtíocht, agus dá dheasca seo bíonn cailliúint leasa ann nach gá d'eagraíochtaí, do dhaoine óga agus don tsochaí trí chéile.

Ina fhianaise sin, tá sé d'aidhm ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá ar ardchaighdeán agus inrochtana do gach duine óg, mar bhealach chun cur le comhtháthú agus dlúthpháirtíocht san Eoraip a neartú, tacú le pobail agus freagairt do riachtanais sochaí nach bhfuil freastal orthu. Chun an cuspóir ginearálta seo a bhaint amach, cuirfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach deiseanna ar fáil do dhaoine óga, deiseanna a mbeidh teacht orthu go héasca le bheith rannpháirteach i saorálaíocht, i dtréimhsí oiliúna nó i bpostanna in earnálacha a bhaineann le dlúthpháirtíocht chomh maith le tionscadail dlúthpháirtíochta a cheapadh agus a fhorbairt ar a dtionscnamh féin, agus cabhróidh sé sin le feabhas a chur ar a scileanna agus inniúlachtaí chun forbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil a dhéanamh, chomh maith lena n-infhostaitheacht. Beidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ag tacú le gníomhaíochtaí líonraithe le haghaidh rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus eagraíochtaí, agus é d'aidhm acu meanma agus braistint chomhuintearais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chothú i measc pobal níos leithne atá tiomanta don dlúthpháirtíocht, chomh maith le bheith ag spreagadh malartú cleachtas agus taithí úsáideach. Beidh sé de chuspóir ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú go gcabhraíonn na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear do na rannpháirtithe óga[6] maidir le freastal ar fhíordhúshláin na sochaí agus go dtreisíonn siad pobail, go mbíonn siad ar ardchaighdeán agus go ndéantar bailíochtú ar na cuspóirí foghlama a éiríonn as rannpháirtíocht daoine óga sna gníomhaíochtaí sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo ina chuid de shraith níos leithne tionscnamh ar a dtugtar "Ag Infheistiú in Óige na hEorpa" a seoladh ar an 7 Nollaig 2016. Brúnn sé ar aghaidh le feidhmiú céimneach gach príomhbheartas óige de chuid an Aontais ar fud na hEorpa, go sonrach Straitéis Óige na hEorpa, Ráthaíocht don Aos Óg, agus an Clár Oibre do Scéimeanna Nua don Eoraip, agus clúdaíonn siad ar fad réimse leathan gníomhaíochtaí a thacaíonn le daoine óga, ó oideachas neamhfhoirmiúil agus saorálaíocht, go gairmoiliúint agus fostaíocht. Is é an sprioc atá ann ná deiseanna fostaíochta do dhaoine óga a fheabhsú trí bheith ag cur go suntasach lena gcaighdéan agus lena gcuspóirí ionchais.

Beidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ag tarraingt ar thraidisiún agus ar thaithí saibhir agus seanbhunaithe na mBallstát i ngníomhaíochtaí a fhreastalaíonn ar leas an phobail, e.g. trí shaorálaíocht. Oibríonn cuid de na Ballstáit cláir náisiúnta ar sheirbhísí sibhialta a thairgeann deis do dhaoine óga dul le ngleic le agus le héascú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann sochaí shibhialta.

Ar leibhéal an Aontais, tá an tSeirbhís Dheonach Eorpach (EVS) tar éis deiseanna saorálaíochta a chur ar fáil do dhaoine óga le fiche bliain anuas, agus tá beartais agus cláir ar nós na Ráthaíochta don Aos Óg agus "Do Chéad Phost EURES" ag cabhrú le daoine óga tréimhsí oiliúna agus i bpoist a fháil. Tógfaidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar láidreachtaí agus ar thaithí ó na tionscnaimh seo, ag baint tairbhe as a bheith ag tógáil ar bhonn láidir atá ann cheana agus á leathnú amach chun deiseanna nua a thairiscint, infheictheacht níos leithne agus tionchar níos mó a bheith ag baint leis. Cuirfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach deiseanna nua ar fáil nach dtacaítear leo faoi na cláir atá ann

[6] Caithfidh rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach coinníollacha cónaithe na hóst-tíre a chomhlíonadh i gcomhréir le dlí an Aontais.

cheana féin, agus déanfaidh sin rochtain a shimpliú do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí araon a bhfuil spéis acu iontu. Soláthróidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach pointe iontrála aonair, a mbeidh teacht air go héasca ar an Tairseach, agus díreoidh sé ar an bhfor-rochtain is forleithne agus is féidir chuig eagraíochtaí rannpháirteacha agus chuig na daoine óga a bhfuil baint acu leo. Déanfaidh sé forbairt agus feabhas a chur ar an oiliúint a bhíonn ar fáil roimh shocrúchán, chomh maith leis an tacaíocht chuí agus bailíocht a thabhairt ar na cuspóirí foghlama tar éis socrúcháin.

Chun leanúnachas a áirithiú maidir leis na gníomhaíochtaí saorálaíochta a dtacaítear leo ar leibhéal an Aontais, tabharfaidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach tacaíocht do na gníomhaíochtaí sin a mbíodh an tSeirbhís Dheonach Eorpach ag tabhairt tacaíochta dóibh, agus atá laistigh de raon feidhme geografach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, i gcás socrúchán saorálaíochta trasteorann. San am céanna leanfar de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí eile na Seirbhíse Deonaí Eorpaí nach bhfuil laistigh de raon feidhme geografach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh faoin gClár atá curtha ar bun ag Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013[7]. Maidir leis an léirmhíniú ar reachtaíocht ghaolmhar ar leibhéal an Aontais, áirítear sa togra forálacha chun a áirithiú go measfar na socrúcháin saorálaíochta trasteorann faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus na gníomhaíochtaí saorálacha a leanfar de bheith ag tabhairt tacaíochta dóibh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 a bheith coibhéiseach leo siúd a dhéanfar faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach.

Bainfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach an leas is fearr as na socrúcháin bainistíochta atá ann cheana féin, chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú. Leis seo, beifear in ann díriú ar an leas is fearr a bhaint as an soláthar agus as an bhfeidhmíocht gan ró-ualach riaracháin ag baint leis. Mar gheall air sin, tabharfar na cúraimí maidir le cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh do struchtúir atá ann cheana féin, i.e. Coimisiún na hEorpa, trí mheán na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA), agus na nGníomhaireachtaí Náisiúnta atá ainmnithe le haghaidh bainistíocht na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear sa Chaibidil Óige de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 lena mbunaítear an Clár Erasmus+.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Beidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhsheasmhach le héagsúlacht beartas agus clár ábhartha an Aontais agus ina gcomhlíonadh orthu, go háirithe, ach gan a bheith teoranta dóibh, iad siúd a bhaineann le hoideachas agus oiliúint, fostaíocht, comhionannas inscne, fiontraíocht (go háirithe fiontraíocht shóisialta), saoránacht[8] agus rannpháirtíocht dhaonlathach, cosaint comhshaoil agus dúlra, gníomhaíocht ar son na haeráide, cosc tubaistí, ullmhacht agus téarnamh, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, soláthar bia agus ábhar neamhbhia, sláinte agus folláine, cruthaitheacht agus cultúr, corpoideachas agus spórt, cúnamh agus leas sóisialta, glacadh agus lánpháirtíocht náisiúnach tríú tíortha, comhar réigiúnach agus comhtháthú.

Sa chéad chéim den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a seoladh i mí na Nollag 2016, rinneadh ocht gclár éagsúil AE a úsáid chun saorálaíocht, tréimhsí oiliúna nó deiseanna fostaíochta a

---

[7] Rialachán (AE) Uimh 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear "Erasmus+": clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh.1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE, IO L 347, 20.12.2013, lch. 50.

[8] Is tosaíocht don Choimisiún é an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ina Thuarascáil 2017 maidir le Saoránacht an Aontais Eorpaigh, (COM(2017) 30 final/2, 31.01.2017).

sholáthar do dhaoine óga ar fud an Aontais. Leanfar leis na gníomhaíochtaí seo, má dhéantar iad a chur chun feidhme roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe nó ina dhiaidh, maidir le rialacha agus coinníollacha atá leagtha síos ag na cláir de chuid an Aontais faoi seach a mhaoinigh iad le linn céim a haon den Chlár Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

Don dara céim, ag tosú le teacht i bhfeidhm an Rialachán atá beartaithe, beidh roinnt clár de chuid an Aontais ag rannchuidiú leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Déanfaidh cuid acu seo[9] trí bhíthin ranníocaíochtaí le himchlúdach airgeadais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (mar a ndéantar breis míniúcháin air in alt 4); féadfaidh cuid eile acu[10] rannchuidiú le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí laistigh dá raon. Déanfar an rannchuidiú seo a mhaoiniú i gcomhréir le bunghníomhartha na gclár lena mbaineann.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an príomhchuspóir a bhaineann leis an togra seo ná deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga dul i ngleic le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear saorálaíocht, tréimhsí oiliúna, postanna, chomh maith le tionscnaimh atá forbartha ag daoine óga dá dtionscnamh féin, a mbeidh cuid thábhachtach foghlama ag dul leo ar leas forbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil daoine óga. I gcomhréir leis seo, tá a bhfuil sa togra seo dírithe ar shoghluaiseacht, rannpháirtíocht ghníomhach, oideachas neamhfhoirmiúil agus gairmoiliúint daoine óga a spreagadh. Cabhróidh sé seo freisin lena n-infhostaitheacht a fheabhsú agus déanfaidh sé éascú ar an aistriú go gnáthfhostaíocht.

Chuige sin, tá an togra bunaithe ar Airteagail 165(4) agus 166(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ceadaíonn Airteagal 165(4) don Aontas gníomhaíocht a dhéanamh arb é is aidhm di “taobhú le forbairt comhaiseag idir daoine óga [...], agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i saol daonlathach na hEorpa a chothú”. Léiríonn gníomhaíocht an Aontais bunaithe ar Airteagal 166(4) bunús cuí dlíthiúil le haghaidh togra ar nós an togra seo a bhfuil sé d’aidhm aige “an ghairmoiliúint tosaigh agus leanúnach a fheabhsú chun an t-imeascadh agus an t-athimeascadh gairmiúil ar mhargadh an tsaothair a éascú” agus “rochtain ar an ngairmoiliúint a éascú agus taobhú le soghluaisteacht oidí agus daoine faoi oiliúint, go háirithe daoine óga.”

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise scála Eorpach na gcuspóirí atá beartaithe – chun daoine óga a spreagadh ar son cúiseanna dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais Eorpaigh – is cuí go ndéanfaí gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Tá ról ag an Aontas tacaíocht a thabhairt ar son cur chuige ar fud na hEorpa i leith dlúthpháirtíochta. Ní gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an tAontas trí bhíthin an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach, ní ghabhfaidh siad ionad gníomhaíochtaí den chineál céanna ag Ballstáit, ach beidh sí ann ag freastal ar a gcomhlánú agus a neartú, agus urramú iomlán á thabhairt do phrionsabal na coimhdeachta. Cé go bhfuil traidisiúin ann sna Ballstáit ar fad maidir le cláir agus ionstraimí a chur ar siúl a thacaíonn le gníomhaíochtaí a

[9] clár Erasmus+, Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta, Ciste Sóisialta na hEorpa, Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, clár LIFE, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

[10] ar nós, ach gan a bheith teoranta chuig an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an clár Eoraip do Shaoránaigh, an Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an clár Sláinte.

fhreastalaíonn ar leas an phobail, trí bhíthin na saorálaíochta go háirithe, tá siad seo an-éagsúil, agus tá roinnt tíortha ann ar fearr leo idirghabháil stáit ann, agus roinnt eile ansin a ligeann don tsochaí shibhialta a bheith ina ceannródaithe. Tá coincheapa agus fochialla éagsúla ag baint le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus saorálaíochta, agus bíonn éagsúlacht sna gníomhaíochtaí maidir le hábhar agus fad. Thairis sin, tá go leor tuiscintí éagsúla ann maidir leis an gcaoi a mbaineann cosaint shóisialta le saorálaíocht, chomh maith le céimeanna éagsúla de stádas dlíthiúil, foghlaim agus aitheantas. Ilroinnt a thagann as seo ar fad ar leibhéal an Aontais, agus fágann sin nach mbíonn sé chomh héasca céanna ag daoine óga ó Bhallstát go chéile ar na deiseanna atá le fáil.

Na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an tAontas tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, beidh siad ina gcuidiú an ilroinnt sin a shárú, rud a léiríonn an mheastóireacht *ex-ante* atá ag gabháil leis an togra seo. Ag an am céanna, is deis a bheidh ann chun tógáil ar cheachtanna atá foghlamtha ó réimse leathan taithí éagsúil ar fud na mBallstát, ag cur borradh faoin tsaorálaíocht sna Ballstáit sin nach bhfuil sé chomh forleathan iontu inniu, mar a mhol na páirtithe leasmhara, a ndeachthas i gcomhairle leo le linn ullmhúcháin ar an togra seo. Beidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ina chomhlánú ar na beartais phoiblí agus phríobháideacha, na cláir agus na gníomhaíochtaí atá ann cheana féin ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Ach roinnt cosaintí ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm amhail Cairt an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, lipéad cáilíochta d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus tríd na prionsabail atá leagtha amach sa Chreat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna, féadfaidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach cabhrú chun cáilíocht na socrúchán éagsúil do dhaoine óga a fheabhsú ar fud an Aontais chomh maith le bailíochtú a gcuspóirí foghlama.

Thairis sin, beidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ina phointe iontrála aonair chuig socrúcháin saorálaíochta agus gairme dlúthpháirtíochta d'ardchaighdeán do dhaoine óga ar fud an Aontais, ach faoi láthair is tríd an iomad cineálacha scéimeanna amháin atá siad ar fáil. De bharr an Chóir déanfar deimhin de go mbeidh an deis chéanna ag gach duine óg i ngach Ballstát a bheith rannpháirteach agus go mbeidh fáil acu ar réimse níos leithne gníomhaíochtaí. Ach na cineálacha éagsúla socrúchán a thabhairt le chéile faoin aon bhranda amháin féadfar rannchuidiú le hardú feasachta agus infheictheachta maidir leis na deiseanna atá ar fáil do dhaoine óga.

Tairgfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach socrúcháin ar féidir tabhairt fúthu i dtír nach í tír chónaithe na rannpháirtithe í (trasteorann) chomh maith le socrúcháin ar féidir tabhairt fúthu i dtír chónaithe na rannpháirtithe (intíre). Tá an tsolúbthacht seo i gcomhréir leis na tograí a fuarthas ó na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo. Maidir le socrúcháin trasteorann, go háirithe i bhfianaise ilroinnt na struchtúr agus na gclár a thairgeann saorálaíocht, tréimhsí oiliúna chomh maith leis an éagsúlacht i dtuiscint agus i gcoincheapa na hearnála a thairgeann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, ní fhéadfaidh gníomhaíocht aon Bhallstáit amháin teacht in ionad gníomhaíocht an Aontais. A mhéid a bhaineann le socrúcháin trasteorann, is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh gné nuálach ag baint leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus é ag cabhrú chun freastal ar dhúshláin áitiúla nó náisiúnta ó pheirspictíocht Eorpach níos leithne. Go sonrach, féadfaidh gníomhaíocht an Aontais cabhrú le hilroinnt maidir le socrúcháin a thairiscint agus ionchuimsitheacht a áirithiú do gach duine óg, lena n-áirítear iad siúd a mbíonn bacainní rompu dul i ngleic le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta. Féadfaidh sé freisin comhthéacs Eorpach a chur ar fáil agus cabhrú chun teacht ar réitigh Eorpacha ar shaindhúshláin nach mbíonn teoranta go teorainneacha náisiúnta.

Sa deireadh thiar, áiritheoidh úsáid na struchtúr atá ann cheana, agus a chruthaigh cheana an éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhaineann leo, cur chun feidhme éifeachtach agus

éifeachtúlacht an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chomh maith le sineirgí agus na comhlántachtaí le gníomhaíochtaí Ballstát ar son an aosa óig.

- **Comhréireacht**

Tugtar leis an togra seo aghaidh ar bhearnaí sainaitheanta maidir le deiseanna do dhaoine óga atá inrochtana go héasca le dul i ngleic le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus ní théann sé thar fóir ó thaobh a bhfuil le déanamh lena chuspóirí a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an ionstraim atá beartaithe ina Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## 3. TORTHAÍ Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra seo á ullmhú agus an mheastóireacht *ex-ante* a théann leis, rinneadh comhairliúcháin ar leibhéil éagsúla lena n-áirítear réimse leathan páirtithe chomh maith le saoránaigh aonair, riaracháin phoiblí, agus institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais (is é sin, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste na Réigiún agus an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta).

Rinneadh comhairliúchán poiblí ocht seachtaine ar líne, fuarthas 660 freagra agus 82 páipéar seasaimh. Bhí an comhairliúchán ar fáil in trí cinn agus fiche de theangacha oifigiúla an Aontais agus glacadh le freagraí sna teangacha sin ar fad. Thairis sin, tionóladh fóram mór páirtithe leasmhara ar an 12 Aibreán 2017 ar fhreastail thart ar 700 duine air agus eagraíodh comhairliúcháin spriocdhírithe le Ballstáit agus príomhpháirtithe leasmhara (lena n-áirítear eagraíochtaí saorálacha, eagraíochtaí dlúthpháirtíochta, ionadaithe óige, Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus comhordaitheoirí EURES, comhordaitheoirí Ráthaíocht don Aos Óg, páirtithe sóisialta, comhlachtaí, tairbhithe agus páirtithe leasmhara clár, lena n-áirítear údaráis náisiúnta agus gníomhaireachtaí náisiúnta de chuid an chláir Erasmus+ .

Tá forléargas mionsonraithe ar an bpróiseas comhairliúcháin i gceangal leis an meastóireacht *ex-ante* a théann leis an togra seo. Tá achoimre ar na príomhghnéithe ag éirí ó na comhairliúcháin seo thíos.

Mar achoimre, léirigh na páirtithe leasmhara a ghlac páirt sna comhairliúcháin meas ar an iomlán ar an infheictheacht agus aitheantas polaitiúil a bhí á thabhairt do dhaoine óga as a rannpháirtíocht i ndlúthpháirtíocht. D’fháiltigh siad roimh na deiseanna nua do dhaoine óga chun athrú a dhéanamh a bhuí leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Leag siad béim ar **acmhainneacht** an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun comhtháthú, dlúthpháirtíocht idir-Eorpach agus idirghlúine a chothú agus chun comhluachanna a chur chun cinn. Ach mar sin féin, tharraing siad aird ar an **ngá le haghaidh maoiniú breise** chun cur chuige **cuimsitheach** a áirithiú, a cheadaíonn do rannpháirtíocht daoine óga ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste agus do rannpháirtíocht eagraíochtaí beaga freisin chomh maith le socrúcháin ar **ardchaighdeán**, ag tógáil ar **struchtúir atá ann cheana**.

Ceann de na príomhcheisteanna sonracha ar tharraing páirtithe leasmhara aird uirthi ab ea an gá le cur chuige ionchuimsitheach. Mar a tharlaíonn, luaigh cuid mhór de na páirtithe leasmhara go sonrach an gá le fócas faoi leith a bheith ar ionchuimsitheacht do gach duine óg,

lena n-áirítear iad siúd ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd ar lú na deiseanna a bhíonn acu.

Chuir na páirtithe leasmhar i dtábhacht gur cheart béim níos troime fós a bheith sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar an dhlúthpháirtíocht ná mar atá sna cláir faoi láthair agus sainmhíniú soiléir a bheith aige ar “ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta”. D’aithin na páirtithe leasmhara gur féidir leis na gníomhaíochtaí atá laistigh de raon feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh cabhrú le forbairt scileanna agus inniúlachtaí, agus dá réir sin tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta chomh maith le hinfhostaitheacht an aosa óig. Leag eagraíochtaí béim freisin ar an ngá atá ann le saorálaithe a oiliúint agus luaigh cuid acu freisin an gá atá ann le teastas a eisiúint do shaorálaithe.

Mar phríomhábhar imní a chuir páirtithe leasmhara in iúl bhí forluí a d’fhéadfadh bheith ann le cláir atá ann cheana agus easpa maoinithe. D’iarr cuid mhór daoine buiséad ar leith le haghaidh am Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach. Chuir formhór na bpáirtithe leasmhara in iúl go láidir gur gá go dtabharfaí go leor maoiniú breise don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun freastal ar riachtanais atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí anuas ar na hacmhainní atá ar fáil ó chláir atá ann cheana. D’iarr formhór na bpáirtithe leasmhara go ndéanfaí idirdhealú soiléir idir saorálaíocht agus gníomhaíochtaí ceirde d’fhonn obair shaorshaothar nó obair gan íocaíocht a sheachaint, ar nós saorálaithe a chur in ionad oiliúnaithe agus fostaithe.

Ó thaobh cur chun feidhme de, leag páirtithe leasmhara béim air gur cheart go mbeadh sé éasca agus éifeachtach chun ró-ualach gan ghá a sheachaint do dhaoine óga agus d’eagraíochtaí. Leag siad béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le hardchaighdeáin a áirithiú chomh maith chun tógáil ar shineirgí agus taithí ó scéimeanna atá ann cheana agus a fheidhmíonn go maith, ar nós na Seirbhíse Deonaí Eorpaí. Chuir páirtithe leasmhara béim ar an ngá atá ann le deighilt shoiléir a bheith ann idir róil agus inniúlachtaí i measc comhlachtaí cur chun feidhme, ag déanamh soiléirithe ar na rialacha a bhaineann le creidiúnú eagraíochtaí, uirlis meaitseála idir na heagraíochtaí agus na saorálaithe a fheidhmíonn go maith agus córas tacaíochta d’ardchaighdeán do na rannpháirtithe mar shainghnéithe tábhachtacha chun an sprioc sin a bhaint amach.

Nuair a bhaineann sé le **raon feidhme geografach**, rinne formhór na bpáirtithe leasmhara argóint láidir chun comhchuibheas a áirithiú, le coinníollacha na gclár atá ann cheana. Thacaigh páirtithe leasmhara leis an bhféidearthacht atá molta chun gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chothú ar an leibhéal áitiúil chomh maith le deiseanna trasteorann agus d’aithin siad go bhféadfadh sé seo rannpháirtíocht a éascú do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste. Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go láidir an gá atá ann le comhoibriú agus comhordú le rialtais náisiúnta agus pobail áitiúla d’fhonn comhlántacht a áirithiú le cláir atá ann cheana.

Tríd is tríd léiríonn an togra maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach tuairimí agus moltaí a bailíodh le linn na gcomhairliúchán. I bhfianaise na dtuairimí agus na moltaí sin, tairgfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach **deiseanna nua is inrochtana do na daoine óga ar fad** agus béim níos mó iontu ar fhreastal ar riachtanais dlúthpháirtíochta agus rannpháirtíocht daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste a spreagadh, lena n-áirítear trí thacaíocht bhreise airgeadais a bheartú nuair is cuí. Cuirfidh sé béim faoi leith freisin ar **ábharthacht agus cáilíocht** na ngníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh. Tairgfear bearta tacaíochta, ar nós árachais, tacaíocht teanga ar líne, oiliúint ghinearálta ar líne agus sainoiliúint, teastas ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus tacaíocht iarshocrúcháin do na

rannpháirtithe. Bainfidh cáilíocht freisin le heagraíochtaí atá toilteanach socrúcháin a thairiscint faoi scáth an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Chuige seo, agus ar aon dul leis na moltaí a bailíodh le linn na gcomhairliúchán, tabharfar isteach lipéad cáilíochta mar réamhchoinníoll maidir le rannpháirtíocht gach eagraíocht a bhfuil spéis aici ann. Beidh sé d’aidhm a gcomhlíonann siad prionsabail agus riachtanais Chairt an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a sheiceáil i leith a gceart agus a bhfreagrachtaí le linn gach céim dá n-eispéireas dlúthpháirtíochta.

Ag teacht le moltaí na bpáirtithe leasmhara, déanfaidh an Coimisiún Eorpach gach iarracht chun an tsoláimhsitheacht a fheabhsú agus chun ualach riaracháin an chlárúcháin agus an phróisis iarratais a laghdú do dhaoine óga agus d’eagraíochtaí. Tá forbairt Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ina chéim chun tosaigh sa treo seo cheana féin. Cuireann an tairseach agus an uirlis meaitseála pointe iontrála aonair ar fáil do ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais Eorpaigh.

Maidir leis an ngá atá le **maoiniú breise**, rud a mhol go leor de na páirtithe leasmhara, maoineofar an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le hacmhainní breise agus le ranníocaíochtaí ó roinnt clár atá ann cheana; tá sin i gcomhréir le cuspóirí an Chóir agus déanfar, dá bharr, uasmhéadú ar shineirgí agus comhlántachtaí le scéimeanna atá ann cheana. Mhol páirtithe leasmhara freisin go mbeadh idirdhealú soiléir ann idir saorálaíocht agus gníomhaíochtaí ceirde. Déanfar freastal air seo ní amháin maidir leis an sainmhíniú a dhéantar ar na gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh ach freisin maidir leis an tacaíocht airgeadais a thiomnaítear do na gníomhaíochtaí seo. Dá réir sin, tugann an togra reachtaíochta isteach roinnt tháscach maidir leis an tacaíocht airgeadais do shocrúcháin dlúthpháirtíochta agus tionscnaimh (80 % ar son socrúchán saorálaíochta agus tionscnamh dlúthpháirtíochta agus 20 % ar son tréimhsí oiliúna agus post), agus ba cheart go gcabhródh sé sin le leanúnachas a áirithiú sna gníomhaíochtaí a dtacaíonn na cláir leo a rannchuidíonn leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

Maidir le **raon feidhme geografach**, is iad Ballstáit an Aontais an túsphointe ó thaobh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur chun feidhme. Soláthraíonn an Rialachán atá molta, áfach, don fhéidearthacht go n-osclófaí é do thíortha eile ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha leis na tíortha sin.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchar ós rud é gur bhunaigh an Coimisiún an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach cheana ina Theachtaireacht i mí na Nollag 2016. Léiríonn cuspóir an Rialacháin atá ann faoi láthair bearta iardain air sin; d'ainneoin seo, ós rud é go mbeidh caiteachas suntasach i gceist leis tá meastóireacht *ex-ante* ag dul leis chun na riachtanais a chomhlíonadh sa Rialachán Airgeadais.

Scrúdaíodh dúshláin ar dhá leibhéal sa mheastóireacht *ex-ante*: ag díriú ar dhaoine óga agus a ndeiseanna le dul i ngleic le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar láimh amháin, agus ar riachtanais níos leithne sóisialta, institiúideach agus eagraíochtúil ar an láimh eile. Léiríodh sa mheastóireacht *ex-ante* go gcaithfidh an tAontas freastal ar na príomhdhúshláin seo a leanas i gcreat tionscnaimh Eorpaigh don aos óg i réimse na dlúthpháirtíochta:

– - tá gá ann ilroinnt a shárú agus níos mó deiseanna a sholáthar chun rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chothú, eadhon trí eispéiris shaorálaíochta agus ceirde a thabhairt isteach faoi aon scáth amháin le cur chuige d’ardchaighdeán comhroinnte agus bailíochtú infheicthe agus leathan den

eispéireas foghlama a gnóthaíodh a fhorbairt, beag beann ar an gcomhthéacs inar tharla sé. Tá riachtanas ann freisin comhrochtain éasca a áirithiú trí nósanna imeachta simplí, agus ag an am céanna bearta cuí atá beartaithe dóibh le hionchuimsiú daoine óga ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste a spreagadh;

– - is gá a áirithiú go bhfreastalaíonn na socrúcháin agus na gníomhaíochtaí a thairgtear i dtionscnamh Eorpach don aos óg i réimse na dlúthpháirtíochta ar riachtanais sochaí nach bhfuil freastal orthu chomh maith le comhchaighdeáin cáilíochtaí roinnte agus comhthuiscint ar shealbhú an eolais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá le bailíochtú thar theorainneacha.

Dhírigh an mheastóireacht *ex-ante* ar dhá rogha, is é sin: 1) leanúint de chur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach trí bhíthin clár éagsúil mar a bhí amhlaidh le linn na céad chéime a seoladh i mí na Nollag 2016, nuair a bhí ocht gclár ag maoiniú gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, gach ceann tríd a bhunús dlí, a chuspóirí agus a bhuiséad féin; 2) tionscnamh nua féinmhaoinitheach a fhorbairt le fócas níos déine ar an dlúthpháirtíocht, a thógfadh ar thaithí na gclár atá ann cheana ach a mbeadh a chuid cuspóirí soiléire féin ag baint leis agus a dhéanfadh soiléireacht níos fearr a áirithiú maidir le cuspóir agus raon na hidirghábhala.

Caitheadh amach an fhéidearthacht chun bunús dlí ceann de na cláir atá ann cheana a úsáid as siocair go mbeadh clár ag éirí as sin le sraith chasta cuspóirí forluiteacha agus infheictheacht theoranta ó thaobh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta de ar bhonn níos leithne. Thairis sin, bheadh díscor páirtithe leasmhara ó na cláir eile ag éirí as an gcur chuige sin.

Mar sin de, aithníodh agus rinneadh anailís ar dhá rogha agus rinneadh iad a chur i gcomparáid leis na critéir seo a leanas, atá i gcomhréir le moltaí na bpáirtithe leasmhara le linn na gcomhairliúchán:

– - Inrochtaineacht (infheictheacht agus soiléireacht d’eagraíochtaí, daoine óga agus páirtithe leasmhara maidir leis an gcaoi le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus teacht ar mhaoiniú);

– Cáilíocht (nósanna imeachta agus critéir a áirithíonn cáilíocht agus sábháilteacht socrúchán);

– Ionchuimsitheacht (bearta chun rannpháirtíocht daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste a áirithiú);

– - Sineirge (an bhaint ag sineirgí i measc eagraíochtaí atá gníomhach i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta gan aird ar a raon áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach);

– Éifeachtúlacht agus simplíocht forálacha bainistíochta agus costais ísle riaracháin

Bunaithe ar an anailís ilchritéar seo, ba é rogha 2 (tionscnamh nua féinmhaoinitheach a fhorbairt le fócas níos déine ar an dlúthpháirtíocht) an t-aon rogha a thabharfadh torthaí níos fearr i leith na gcritéar ar fad faoi mheas agus coinníodh sin, mar sin de, mar rogha na tosaíochta. Soláthróidh an rogha seo pointe aonair soiléir rochtana (d’eagraíochtaí agus daoine óga agus beidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta níos infheicthe dá bharr. Lonnóidh sé cur chuige níos ionchuimsithí trí straitéis dírithe ar ionchuimsitheacht. Cuirfidh sé cáilíocht fhoriomlán socrúchán ar fáil chomh maith le hullmhacht na rannpháirtithe óga trí shraith sainphróiseas agus critéar cáilíochtúil (e.g. lipéad cáilíochta d’eagraíochtaí, oiliúint, árachas). Tabharfaidh sé sineirgí nua idir na gníomhaíochtaí agus a n-aitheantas mar cuirfidh sé iad isteach in aon chomhchreat agus cabhróidh sé líonraí nua a chruthú idir daoine agus eagraíochtaí le hardmhianta i gcoitinne eatarthu i leith dlúthpháirtíochta. Le rogha 2 ceadófar

costais níos ísle bainistíochta, ag an am céanna ag baint amach éifeachtaí níos fearr (luach níos fearr ar airgead).

Rinneadh measúnú ar shásraí éagsúla soláthair maidir le rogha na tosaíochta: bainistíocht dhíreach, bainistíocht indíreach nó meascán den dá cheann. San anailís a rinneadh, ba é an cás deiridh an chonclúid a bhí air - meascán de bhainistíocht dhíreach agus bainistíocht indíreach – go n-áiritheodh sé sin an cur chun feidhme is cost-éifeachtúla d'fhonn an sprioc atá á beartú a bhaint amach, is é sin 100 000 duine óg a shlógadh faoin mbliain 2020. Sa mheastóireacht *ex-ante* cuireadh in iúl go láidir go bhfuil géarghá le hacmhainní airgeadais leordhóthanach agus comhsheasmhach chun an sprioc atá beartaithe a bhaint amach.

Tharraing an mheastóireacht *ex-ante* aird ar an tionchar ionchais sóisialta ar rogha na tosaíochta ar leibhéal an duine aonair (e.g. níos mó eolais, scileanna agus inniúlachtaí dá bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil; tuiscint níos fearr ar dhlúthpháirtíocht agus ar shaoránacht dá bhforbairt shóisialta agus shibhialta) agus ar leibhéal na sochaí (e.g. d'fhreastail ar riachtanais i bpobail a mbíonn tionchar acu ar leas sóisialach agus folláine; breis tacaíochta d'eagraíochtaí atá tiomanta don dlúthpháirtíocht agus a mbíonn éifeachtaí dearfacha ar a rannpháirtíocht agus ar na deiseanna a thairgtear do dhaoine óga; rannchuidiú le spriocanna beartais ar nós rannpháirtíocht an aosa óig, cosaint shibhialta, ionchuimsiú sóisialta, comhtháthú, forbairt réigiúnach, cosaint comhshaoil; íomhá níos fearr den óige ar chuid de na meáin náisiúnta).

Tá nasc láidir idir cur chun cinn rannpháirtíocht an aosa óig agus caipiteal sóisialta le fás eacnamaíoch. Bíonn iarmhairtí dearfacha ag breis rannpháirtíochta agus infhostaitheachta daoine óga ar fhás fostaíochta agus ar fhás maicreacnamaíoch. Mar gheall ar mhéid measartha beag na hidirghabhála atá beartaithe, áfach, agus de bhrí gur ar fud na hEorpa agus ní ar Bhallstát ar leith ná ar earnáil ar leith a imreoidh an idirghabháil sin tionchar, ní raibh sé indéanta na himpleachtaí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag an gCór a thomhas. Ar an gcaoi chéanna, níor measadh é a bheith ábhartha grinnanailís a dhéanamh ar a thionchar ar an gcomhshaol. Aithníodh sa mheastóireacht *ex-ante*, faoi mar a aithníodh i gcás cláir eile soghluaisteachta, gur dócha go nginfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach níos mó éilimh ar iompar, agus dá thoradh sin go bhféadfadh méadú teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Measadh an tionchar sin a bheith diomaibhseach i gcomparáid leis na gluaiseachtaí foriomlána san Eoraip. Mar sin féin, tugtar faoi deara gur féidir, mar fho-iarmhairt, ról tábhachtach a bheith ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach ó thaobh feasachta daoine óga a mhúscailt agus iad a shlógadh maidir le cúrsaí comhshaoil, nó mar a bhí amhlaidh le linn céim a haon, nuair a thacaigh na cláir rannchuidithe éagsúla cheana le héagsúlacht tionscadal a théann i ngleic le cúrsaí comhshaoil.

Tá an togra seo i gcomhréir go hiomlán le rogha na tosaíochta.

- **Cearta bunúsacha**

Luíonn an togra seo go hiomlán le **Cairt um Chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh**[11], a aithníonn go bhfuil an dlúthpháirtíocht ar cheann de na luachanna uilechoiteanna ar a bhfuil AE bunaithe. Áirítear sa togra seo go háirithe, na cearta agus toirmisc a leagtar síos in Airteagal 5 (toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar an shaothar éignithe), in Airteagal 14 (an ceart chun oideachais), in Airteagal 15 (saoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh), in Airteagal 21 (neamh-idirdhealú), in Airteagal 24 (cearta an linbh), in Airteagal 26 (daoine atá faoi mhíchumas a lánpháirtiú), in Airteagal 31 (dálaí oibre cothroma

[11] http://ec.europa.eu/justice/fundamental-rights/charter/index_en.htm" (2012/C 326/02) (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391).

agus córa) agus in Airteagal 32 (toirmeasc ar leanaí a bheith ag obair agus cosaint daoine óga ag an obair) den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Molann an Coimisiún trí cheathrú de bhuiséad an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a mhaoiniú trí mhaoiniú a atreorú ó chlár atá ann cheana. Clúdófar na méideanna eile trí úsáid a bhaint as an gCorrlach Foriomlán le haghaidh Oibleagáidí in 2018 agus ag corrlaigh neamh-leithdháilte atá ar fáil do na blianta 2019 agus 2020.

Is é EUR 294.2 milliún an méid príomhthagartha faoin gCeannteideal 1a don tréimhse 2018–20, lena n-áirítear atreorú faoi na ceannteidil chéanna atá sa chlár Erasmus+ (EUR 197.7 milliún) agus sa chlár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EUR 10 milliún).

Déanfar an leithdháileadh faoi Cheannteideal 1a a chomhlánú le ranníocaíochtaí i gceannteidil eile laistigh dá gcionroinnt airgeadais, i gcomhréir leis an aidhm chun gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a phríomhshruthú i gcláir éagsúla de chuid an Aontais agus cistí de chuid bhuiséad an Aontais. Is é EUR 47.3 milliún an méid iomlán atá beartaithe mar ranníocaíocht ó cheannteidil eile agus braitheann sé seo ar na cláir rannchuidithe seo a leanas: Ciste Sóisialta na hEorpa (EUR 35 milliún), Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (EUR 6 milliún), clár LIFE (EUR 4.5 milliún) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EUR 1.8 milliún).

Léirítear tionchar mionsonraithe buiséadach agus airgeadais an togra seo sa ráiteas airgeadais reachtach a théann leis an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcomhréir leis an anailís a dhéantar i gcomhthéacs na meastóireachtaí *ex-ante* a théann leis an togra seo, agus chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú, sineirgí agus chun ualach rialacháin a íoslaghdú, bainfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach úsáid as na socruithe bainistithe agus cur chun feidhme atá i bhfeidhm cheana faoin gclár Erasmus+ . Ag tógáil ar an eispéireas dearfach a bhain le cur chun feidhme an chláir seo chomh maith lena struchtúir, soláthraíonn an togra do leithdháileadh soiléir cúraimí bainistíochta an chláir idir an Coimisiún, na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a bunaíodh faoin gClár Erasmus+ agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA). Ó bunaíodh é in 2006, tá EACEA tar éis codanna de na cláir Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, Eoraip do Shaoránaigh agus Saorálaithe Cabhrach an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme (chomh maith leis na cláir ba réamhtheachtaithe) go caighdeán ard, mar a daingníodh ag roinnt meastóireachtaí seachtracha neamhspleácha. Mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin[12], rinneadh anailís costais agus tairbhe sula ndéantar na cláir a tharmligean chuig gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus léiríodh ann cost-éifeachtúlacht úsáid an GFOCC le haghaidh cúraimí áirithe a bhaineann le cur chun feidhme

12 Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 58/2003 an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do Ghníomhaireachtaí Feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú, IO L 011, 16.01.2003, lch.1.

an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. I gcomhthreo leis seo, tá feidhmíocht agus éifeachtúlacht inléirithe soláthraithe ag samhail Gníomhaireachtaí Náisiúnta faoi Erasmus+, mar aon le leibhéal ard dearbhaithe agus bainistíocht fónta airgeadais.

Beidh buanfhaireachán i gceist i socruithe faireacháin agus meastóireachta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus meastóireacht mar mheasúnú ar an bhfianaise atá ann ar éifeachtacht na dtorthaí a gnóthaíodh.

Beidh socruithe chun faireachán a dhéanamh bunaithe ar anailís chuimsitheach maidir le haschuir chainníochtúla agus aschuir cháilíochtúla an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Baileofar na haschuir chainníochtúla ar bhonn córasach tríd na córais TF atá curtha i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhainistiú. Déanfar faireachán ar na haschuir cháilíochtúla trí shuirbhéireachtaí tréimhsiúla a dhíríonn ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí rannpháirteacha araon. Áiritheoidh socruithe faireacháin agus tuairiscithe na gcomhlachtaí cur chun feidhme ar fad go ndéantar faireachán cuimsitheach ar chur chun feidhme an togra.

Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil in 2020, ina ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na sprice deis a thairiscint do 100 000 duine óg tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Beidh an togra faoi réir meastóireachta cúig bliana tar éis dáta an chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar spriocanna cáilíochtúla na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo lena n-áirítear an tionchar a bhí acu ar na daoine óga agus ar eagraíochtaí. Ba cheart go n-áiritheofaí sa mheastóireacht an fhianaise atá cheana maidir le héifeachtacht agus tionchar thórthaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Áireofar sna foinsí fíoraithe na sonraí faireacháin, an fháisnéis a áirítear sna pleananna oibre agus sna tuarascálacha ó na comhlachtaí cur chun feidhme, torthaí a eascraíonn ó scaipeadh, ó staidéir fhianaise-bhunaithe, ó shuirbhéireachtaí, etc.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

*Caibidil I – Forálacha Ginearálta* an Rialacháin atá beartaithe: leagtar amach an t-ábhar, sainmhínithe ar roinnt téamaí athfhillteacha, cuspóirí ginearálta agus sainchuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chomh maith le comhleanúnachas agus comhlántacht ghníomhaíocht an Aontais. Tá sé d’aidhm ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach cur go mór le rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá ar ardchaighdeán, chun cabhrú le comhtháthú agus dlúthpháirtíocht a neartú san Eoraip, ag tacú le pobail agus ag freagairt do dhúshláin na sochaí.

*Caibidil II – Gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh*: cur síos ar na gníomhaíochtaí atá á mbeartú maidir le cuspóirí an Rialacháin atá beartaithe a bhaint amach. Áirítear i measc bhearta an Aontais socrúcháin dlúthpháirtíochta, tionscadail agus gníomhaíochtaí líonraithe ar láimh amháin agus bearta tacaíochta ar ardcháilíocht ar an láimh eile.

*Caibidil III – Forálacha Airgeadais*: leagtar amach clúdach buiséadach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh don tréimhse 2018–2020 agus cineálacha maoinithe an Aontais atá beartaithe. Áirítear sa mhéid príomhthagartha atreorú ón gclár Erasmus+ (EUR 197.7 milliún) agus ón gclár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EUR 10 milliún) chomh maith le hacmhainní breise le haghaidh blianta airgeadais 2018, 2019 agus 2020. Cuirfear ranníocaíochtaí leis an gclúdach airgeadais ó cheannteidil éagsúla agus ó roinnt clár de chuid an Aontais.

*Caibidil IV – Rannpháirtíocht sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach*: sainiú na gcritéar maidir le tíortha daoine aonair agus eagraíochtaí rannpháirteacha. Ballstáit an Aontais atá sna tíortha atá rannpháirteach ann agus tíortha eile, seans, ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha. Is féidir le daoine óga idir 17–30 bliain d'aois clárú ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ach ní thosaíonn rannpháirtíocht go dtí go mbíonn siad idir 18 agus 30 bliain d'aois. Is féidir le heagraíocht rannpháirteach tairiscintí le haghaidh socrúchán dlúthpháirtíochta nó gníomhaíochtaí a dhéanamh le daoine aonair atá cláraithe mar eintiteas poiblí nó príobháideach, nó le heagraíocht a dhéanann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta sna tíortha atá rannpháirteach, ar choinníoll go bhfaigheann siad lipéad cáilíochta a dhearbhaíonn go bhfuil siad ag cloí le riachtanais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

*Caibidil V – Feidhmíocht, Torthaí agus Scaipeadh*: forálacha maidir leis an gCoimisiún agus na tíortha rannpháirteacha chun faireachán, tuairisciú agus meastóireacht rialta ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú chomh maith le scaipeadh faisnéise, poiblíochta agus obair iardain maidir leis na gníomhaíochta uile a fhaigheann tacaíocht ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

*Caibidil VI – Córas Bainistíochta agus Iniúchóireachta*: foráil maidir le comhlachtaí cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach. I dtéarmaí bainistíochta, is meascán atá sna rialacha cur chun feidhme atá beartaithe den bhainistíocht indíreach (trí ghníomhaireachtaí náisiúnta ar leibhéal náisiúnta) agus bainistíocht dhíreach (tríd an gCoimisiún ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear úsáid gníomhaireachta feidhmiúcháin ar bhonn anailíse costais). Tá teaglaim modhanna bainistíochta bunaithe ar an dea-thaithí a gnóthaíodh ó chur chun feidhme an chláir Erasmus+ agus tógann sé ar na struchtúir atá ann cheana ó thaobh an chláir sin de. Tá foráil déanta sa togra go bhfeidhmeoidh na húdaráis náisiúnta agus na gníomhaireachtaí náisiúnta atá ainmnithe do bhainistiú gníomhaíochtaí Óige faoi Erasmus+ mar údaráis náisiúnta agus mar ghníomhaireachtaí náisiúnta faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach sna tíortha rannpháirteacha a bhaineann le hábhar. I gcás tíortha nach bhfuil údarás náisiúnta agus gníomhaireacht náisiúnta ainmnithe, déanfar iad a bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013. Beidh údaráis náisiúnta freagrach as príomhchuid na gcistí agus oibreoidh siad ar bhonn comhaontaithe tarmligin. Ina theannta sin, maidir le roinnt cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, bainfidh an Coimisiún úsáid as an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir. I gcur chun feidhme an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún cúraimí ag baint le roghanna beartais, go háirithe i leagan amach sainchuspóirí agus tosaíochtaí, glacadh clár oibre (lena n-áirítear cinntí maoiniúcháin), a ionadóidh an Coimisiún i gcoiste an chláir, etc. Beidh an ghníomhaireacht feidhmiúcháin freagrach as cúraimí cur chun feidhme, ar nós seoladh agus conclúid nósanna imeachta deontais agus soláthair, faireachán tionscadail, rialaithe airgeadais agus cuntasaíochta, rannchuidiú le meastóireacht an chláir agus cúraimí éagsúla tacaíochta.

*Caibidil VII – Córas Rialaithe*: an córas maoirseachta is gá atá le háirithiú a dhéanamh go dtabharfar aird chuí ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais nuair a chuirtear chun feidhme gníomhaíochtaí a mhaoineofar faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

*Caibidil VIII – Forálacha Cur chun Feidhme*: leagan amach na bhforálacha is gá le cumhachtaí áirithe a thabhairt don Choimisiún chun cláir oibre a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Maidir leis an gCoiste is gá faoi Rialachán (AE)

Uimh. 182/2011[13] chun cabhrú leis an gCoimisiún glacadh le gníomhartha cur chun feidhme, ainmníonn an togra an Coiste arna bhunú ag Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 lena mbunaítear an Clár Erasmus+. D'oibreodh an Coiste i bhfoirmíochtaí éagsúla (Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach) agus féidearthacht ann do na Ballstáit a dtoscairí a ainmniú do na foirmíochtaí éagsúla.

*Caibidil IX – Forálacha Leasaitheacha agus Críochnaitheacha*: na leasuithe is gá ar bhunghníomhartha na gclár sin a atreoraíonn cistí óna mbuiséad don tréimhse 2014–2020 chuig gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Leagtar amach sna forálacha críochnaitheacha dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe a bheidh ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát ón 1 Eanáir 2018.

13 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

2017/0102 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1288/2013, (AE) Uimh. 1293/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[14],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[15],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[16],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas Eorpach tógtha ar an dlúthpháirtíocht, i measc a shaoránach agus i measc a Bhallstát. Treoraíonn an comhluach seo a ghníomhaíochtaí agus soláthraíonn sé an aontacht is gá chun dul i ngleic leis na dúshláin shochaíocha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ar dúshláin iad a bhfuil Eorpaigh óga toilteanach cabhrú dul i ngleic leo trína ndlúthpháirtíocht a chur in iúl sa chleachtas.

(2) San aitheasc ar Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2016[17] leagadh béim ar an ngá le hinfheistiú a dhéanamh i ndaoine óga agus fógraíodh go mbunófaí an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach d'fhonn deiseanna a chruthú do dhaoine óga ar fud an Aontais rannchuidiú lánbhrí a dhéanamh don tsochaí, dlúthpháirtíocht a léiriú agus a scileanna a fhorbairt, chun taithí oibre, chomh maith le taithí ríluachmhar daonna, a fháil.

(3) Sa Teachtaireacht "Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach" an 7 Nollaig 2016[18], leag an Coimisiún béim ar an ngá atá ann an dúshraith a neartú le haghaidh obair dlúthpháirtíochta ar fud na hEorpa, níos mó deiseanna agus deiseanna níos fearr ó thaobh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a sholáthar do dhaoine óga i raon leathan réimsí éagsúla, agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe náisiúnta agus áitiúla, lena

[14] IO C […], […], lch. […].

[15] IO C […], […], lch. […].

[16] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[17] Staid an Aontais 2016: Ionsar Eoraip níos fearr – an Eoraip sin a chumhdaíonn, a chumhachtaíonn agus a chosnaíonn, IP/16/3042 (http://europa.eu/rapid/press-release_IP-16-3042_en.htm).

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, COM(2016) 942 final, 7.12.2016.

n-iarrachtaí déileáil le dúshláin agus géarchéimeanna éagsúla. Sheol an Teachtaireacht an chéad chéim den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoina mbainfear leas as cláir éagsúla de chuid an Aontais chun deiseanna saorálaíochta, cúrsa oiliúna nó post a thairiscint do dhaoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na gníomhaíochtaí seo, bídís curtha chun feidhme roimh nó tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, leanúint de na rialacha agus na coinníollacha a chur i bhfeidhm a leagtar síos sna cláir Aontais faoi seach a mhaoinigh iad, faoin gcéad chéim den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

(4) Ba cheart deiseanna atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, a chabhródh leo a dtiomantas maidir le leas pobal a chur in iúl agus ag an am céanna taithí, scileanna agus inniúlachtaí úsáideacha a shealbhú maidir lena bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil, ag feabhsú dá réir sin a n-infhostaitheachta. Thacódh na gníomhaíochtaí sin freisin le soghluaisteacht saorálaithe, oiliúnaithe agus oibrithe óga.

(5) Ba cheart do na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear do dhaoine óga a bheith ar ardcháilíocht, sa mhéid is gur cheart dóibh freagairt do riachtanais sa tsochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu, rannchuidiú le pobail a neartú, an deis a thairiscint do dhaoine óga chun eolas agus inniúlachtaí luachmhara a shealbhú, a bheith inrochtana ó thaobh airgid de do dhaoine óga, agus a bheith á gcur chur chun feidhme faoi dhálaí slána sláintiúla.

(6) Sholáthródh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach pointe aonair iontrála do ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais. Ba cheart comhsheasmhacht agus comhlántacht an chreata sin le beartais agus cláir ábhartha eile an Aontais a áirithiú. Ba cheart don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach tógáil ar láidreachtaí agus sineirgí clár atá ann cheana, go háirithe an tSeirbhís Dheonach Eorpach. Ba cheart dó na hiarrachtaí a dhéanann Ballstáit chun tacú le daoine óga agus a n-aistriú ón scoil go hobair faoin Ráthaíocht don Aos Óg[19] a chomhlánú freisin trí dheiseanna breise a sholáthar dóibh tosú i margadh an tsaothair i bhfoirm cúrsaí oiliúna nó poist i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht laistigh dá mBallstát nó thar theorainneacha. Ba cheart comhlántacht a áirithiú le líonraí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ar nós Líonra Eorpach na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, EURES agus an líonra Eurodesk. Thairis sin, ba cheart comhlántacht a áirithiú idir scéimeanna gaolmhara atá ann cheana, go háirithe scéimeanna náisiúnta dlúthpháirtíochta agus scéimeanna soghluaisteachta do dhaoine óga, agus don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ag tógáil ar dhea-chleachtais nuair is iomchuí.

(7) Chun tionchar an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a uasmhéadú, ba cheart forálacha a dhéanamh chun go bhféadfaidh cláir eile de chuid an Aontais amhail an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Clár Sláinte, rannchuidiú le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh trí thacú le gníomhaíochtaí atá laistigh dá raon feidhme. Ba cheart an ranníocaíocht sin a mhaoiniú i gcomhréir le bunghníomhartha faoi seach na gclár lena mbaineann. A luaithe a bhíonn lipéad cáilíochta bailí an Chór Dlúthpháirtíochta Eorpaigh acu, ba cheart rochtain ar Thairseach an Chóir

[19] Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (2013/C 120/01).

Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a thabhairt do na tairbhithe agus na bearta cáilíochta agus tacaíochta a sholáthraítear a fháil de réir cineál na gníomhaíochta a thairgtear.

(8) Ba cheart don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach deiseanna nua a chur ar fáil do dhaoine óga chun tabhairt faoi shaorálaíocht, cúrsaí oiliúna nó socrúcháin poist i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht chomh maith tionscadail dlúthpháirtíochta a dhearadh agus a fhorbairt ar a dtionscnamh féin. Ba cheart do na deiseanna seo cabhrú lena bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil a fheabhsú. Ba cheart don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach tacú le gníomhaíochtaí líonraithe do rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus d'eagraíochtaí, chomh maith le tacú le bearta a áiritheoidh cáilíocht na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo agus bailíochtú a spriocanna foghlama a fheabhsú.

(9) Eispéireas saibhir i gcomhthéacs foghlama neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil atá i ngníomhaíochtaí saorálaíochta, a fheabhsaíonn forbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil daoine óga, chomh maith lena saoránacht ghníomhach agus a n-infhostaitheacht. Níor cheart drochthionchar a bheith ag gníomhaíochtaí saorálaíochta ar fhostaíocht íoctha a d'fhéadfadh a bheith ann ná ar fhostaíocht íoctha atá ann cheana, agus níor cheart breathnú orthu mar ionadaithe ar an bhfostaíocht íoctha. Chun leanúnachas a áirithiú maidir leis na gníomhaíochtaí saorálaíochta a dtacaítear leo ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach tacú leis na gníomhaíochtaí saorálaíochta faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach atá laistigh de raon feidhme geografach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i bhfoirm socrúcháin saorálaíochta trasteorann. Ó thaobh na ngníomhaíochtaí saorálaíochta eile faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach nach dtagann faoi raon feidhme geografach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ba cheart leanúint den tacaíocht dóibh faoin gClár a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt[20]. Maidir le léirmhíniú ar reachtaíocht ghaolmhar ar leibhéal an Aontais, ba cheart a mheas gur socrúcháin choibhéiseacha iad na socrúcháin saorálaíochta trasteorann faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus na gníomhaíochtaí saorálaíochta a leantar den tacaíocht dóibh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 araon, agus na socrúcháin a dhéantar faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach.

(10) Féadfaidh cúrsaí oiliúna agus poist i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht deiseanna breise a thairiscint do dhaoine óga tosú i margadh an tsaothair agus rannchuidiú le dul i ngleic le príomhdhúshláin na sochaí ag an am céanna. Féadfaidh sé seo infhostaitheacht agus táirgiúlacht daoine óga a chothú agus a n-aistriú ó oideachas go fostaíocht a éascú, agus tá an-tábhacht leis seo maidir lena ndeiseanna a fheabhsú i margadh an tsaothair. Ba cheart don eagraíocht rannpháirteach luach saothair a thabhairt as na socrúcháin ar chúrsaí oiliúna a thairgtear faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus na prionsabail cháilíochta a leanúint a ndéantar breac-chuntas orthu sa Mholadh ón gComhairle an 10 Márta 2014 lena mbunaítear Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna[21]. Ba cheart na cúrsaí oiliúna agus na poist a

---

[20] Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE, IO L 347, 20.12.2013, lch. 50.

[21] Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Ardchaighdeáin do Chúrsaí Oiliúna, IO C 88, 27.3.2014, lch.1.

thairgtear bheith mar áiseanna foráis do dhaoine óga chun dul isteach i margadh an tsaothair agus mar sin ba cheart tacaíocht iar-shocrúcháin leordhóthanach a bheith ag dul leo. Ba cheart do ghníomhaithe ábhartha i margadh an tsaothair, go háirithe seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha agus Comhlachais Tráchtála, cúrsaí oiliúna agus socrúcháin poist a éascú. Mar eagraíochtaí rannpháirteacha, ba cheart dóibh bheith in ann cur isteach ar mhaoiniú trí struchtúr inniúil cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh d'fhonn a bheith ina gcéim idirmheánach idir na rannpháirtithe óga agus fostaithe a thairgeann cúrsaí oiliúna agus socrúchán poist in earnálacha dlúthpháirtíochta.

(11) Is sócmhainn thábhachtach é meon tionscnaimh daoine óga don tsochaí agus do mhargadh an tsaothair. Ba cheart don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach rannchuidiú leis an ngné seo a chothú trí dheis a thairiscint do dhaoine óga a dtionscadal féin, atá dírithe ar dul i ngleic le dúshláin shonracha chun leasa a bpobal áitiúla féin, a dhearadh agus a chur chun feidhme. Ba cheart do na tionscadail sin deis a sholáthar chun triail a bhaint as smaointe nua agus chun tacú le daoine óga gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thiomáint chun tosaigh astu féin. D'fhéadfaidís freisin a bheith mar thúsphointe le haghaidh breis rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus d'fhéadfadh sin a bheith ar an gcéad chéim chun rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a spreagadh i dtreo na féinfhostaíochta nó i dtreo cumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha nó comhlachtaí eile atá gníomhach sna hearnálacha dlúthpháirtíochta, neamhbhrabúis agus sna earnálacha don ógra a bhunú.

(12) Ba cheart go mbraithfeadh daoine óga agus eagraíochtaí a bhíonn rannpháirteach sa sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach gur cuid de phobal daoine aonair agus eintiteas iad atá tiomanta i dtreo dlúthpháirtíocht a fheabhsú ar fud na hEorpa. Teastaíonn tacaíocht ó eagraíochtaí rannpháirteacha chomh maith chun a gcumais a neartú le socrúcháin ardchaighdeáin a thairiscint do líon rannpháirtithe a bheidh ag méadú de shíor. Ba cheart don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach tacú le gníomhaíochtaí líonraithe atá dírithe ar rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí rannpháirteacha a neartú sa phobal seo agus meon an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chothú, chomh maith le malartú cleachtas agus taithí úsáideach a spreagadh. Ba cheart do na gníomhaíochtaí sin rannchuidiú le feasacht a ardú maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach i measc gníomhaithe poiblí agus príobháideacha chomh maith le haiseolas a bhailiú ó rannpháirtithe agus ó eagraíochtaí rannpháirteacha ó thaobh cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

(13) Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar cháilíocht na socrúchán agus na ndeiseanna eile a thairgtear faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú, go háirithe trí oiliúint, tacaíocht teanga, árachas, tacaíocht riaracháin agus tacaíocht iar-shocrúcháin a thairiscint do rannpháirtithe chomh maith le bailíochtú na faisnéise, na scileanna agus na n-inniúlachtaí a sealbhaíodh le linn a n-eispéireas sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

(14) Chun tionchar socrúchán sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil na rannpháirtithe a áirithiú, ní mór an fhaisnéis, na scileanna agus na hinniúlachtaí arb iad cuspóirí foghlama an tsocrúcháin iad a shainaithint agus a dhoiciméadú go cuí, i gcomhréir leis na himthosca agus na sainiúlachtaí náisiúnta, mar atá molta i Moladh ón gComhairle an

20 Nollaig 2012 maidir le foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a bhailíochtú [22].

(15) Ba cheart lipéad cáilíochta a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh na n-eagraíochtaí rannpháirteacha le prionsabail agus riachtanais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a áirithiú, maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí ag gach céim d'eispéireas na dlúthpháirtíochta. Ba cheart lipéad cáilíochta a bheith ina réamhchoinníoll le bheith rannpháirteach ach níor cheart maoiniú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach leanúint as sin go huathoibríoch.

(16) Ba cheart d'Ionad Acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh cúnamh a thabhairt do na comhlachtaí cur chun feidhme, do na heagraíochtaí rannpháirteacha agus do na daoine óga a ghlacann páirt sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun cáilíocht an chur chun feidhme agus cáilíocht ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a fheabhsú, chomh maith le feabhas a chur ar shainaithint agus bailíochtú inniúlachtaí agus a shealbhaítear trí mheán na ngníomhaíochtaí sin.

(17) Ba cheart síorfhorbairt a dhéanamh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun rochtain éasca ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a áirithiú agus chun ionad ilfhreastail a chur ar fáil do dhaoine aonair ar spéis leo é agus d'eagraíochtaí maidir le, *inter alia*, cláruchán, sainaithint agus meaitseáil próifílí agus deiseanna, líonrú agus malartuithe fíorúla, oiliúint ar líne, tacaíocht teanga agus iar-shocrúcháin chomh maith le feidhmiúlachtaí úsáideacha eile, a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa todhchaí.

(18) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don tréimhse iomlán 2018–2020, arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[23], do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Áirítear sa mhéid príomhthagartha ath-leithdháileadh ón gClár Erasmus+ (EUR 197.7 milliún) agus ó Chlár an Aontais Eorpaigh um Athrú Sóisialta agus um Nuálaíocht Shóisialta (EUR 10 milliún) do na blianta airgeadais 2018, 2019 agus 2020, agus déantar sin a chomhlánú le ranníocaíochtaí ó roinnt clár de chuid an Aontais faoi cheannteidil éagsúla, amhail Ciste Sóisialta na hEorpa, an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an clár LIFE agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

(19) Chun leanúnachas a áirithiú sna gníomhaíochtaí a dtacaítear leo sna cláir a rannchuidíonn leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ba cheart an tacaíocht airgeadais do shocrúcháin dlúthpháirtíochta agus do thionscadail a roinnt 80 %-20 % go táscach idir socrúcháin saorálaíochta agus tionscadail dlúthpháirtíochta ar láimh amháin agus cúrsaí oiliúna agus socrúcháin poist ar an láimh eile.

(20) Chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ba cheart forálacha a dhéanamh le go mbeidh tíortha rannpháirteacha in ann maoiniú náisiúnta breise a chur ar fáil i gcomhréir le rialacha an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

---

22 Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a bhailíochtú, IO C 398, 22.12.2012, lch. 1.

23 Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

(21) Chun na ceanglais ar thairbhithe a shimpliú, ba cheart úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, costais aonaid nó maoiniú ar ráta chomhréidh a mhéad agus is féidir.

(22) Chomh maith leis na Ballstáit, ba cheart go mbeadh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach oscailte do rannpháirtíocht ó thíortha eile ar bhonn comhaontuithe dhéthaobhacha. Ba cheart an comhar sin a bheith bunaithe, i gcás inarb ábhartha, ar leithreasuithe breise a bheidh le cur ar fáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bheidh le comhaontú leis na tíortha lena mbaineann.

(23) Ba cheart go ndíreodh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar dhaoine óga idir 18-30 bliain d’aois. Ba cheart gá a bheith clárúchán roimh ré ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a thairgeann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

(24) Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar áirithiú a dhéanamh go mbíonn na gníomhaíochtaí ar fad a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo inrochtana ag gach duine óg, go háirithe iad siúd is mó atá faoi bhuntáiste. Ba cheart bearta speisialta a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin, chun cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht daoine óga faoi bhuntáiste a chur chun cinn, chomh maith leis na srianta a bhaineann le hiargúltacht na réigiún is forimeallaí den Aontas agus na Tíortha agus na Críocha thar lear, a chur san áireamh[24]. Ar an gcaoi chéanna ba cheart do na tíortha rannpháirteacha féachaint le gach beart iomchuí a ghlacadh chun deireadh a chur le bacainní dlí agus riaracháin ar fheidhmiú ceart an an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Áirítear leis sin teacht ar réiteach, nuair is féidir, agus gan dochar do *acquis* Schengen agus dlí an Aontais maidir le hiontráil agus cónaí náisiúnach tríú tíortha, ar fhadhbanna riaracháin a chruthaíonn deacrachtaí víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil.

(25) Aon eintiteas atá toilteanach bheith rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, bíodh sé maoinithe ag buiséad an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, ag clár eile de chuid Aontais nó ag foinse eile maoinithe, ba cheart dó lipéad cáilíochta a fháil ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha iomchuí. Ba cheart an próiseas a mbronntar lipéad cáilíochta mar thoradh air a bheith ar siúl ar bhonn leanúnach ag struchtúir cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar an lipéad cáilíochta a bronnadh go tráthrialta agus féadfar é a chúlghairm más amhlaidh, i gcomhthéacs na seiceálacha a dhéantar, nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha faoinar bronnadh é.

(26) Mar réamhchoinníoll, ba cheart lipéad cáilíochta a bheith faighte ag aon eintiteas atá toilteanach cur isteach ar mhaoiniú chun socrúcháin a thairiscint faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin maidir le daoine nádúrtha atá ag lorg tacaíocht airgeadais dá dtionscadail dlúthpháirtíochta ar son grúpa neamhfhoirmiúil de rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

(27) D'fhonn an fheidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach, lena n-áirítear faireachán agus meastóireacht a dhéanamh, ní mór táscairí sonracha, intomhaiste agus réadúla a fhorbairt ar féidir iad a thomhas le himeacht ama, agus a léiríonn loighic na hidirghabhála.

[24] Féadfaidh daoine ó thír nó ó chríoch thar lear (TCT) agus comhlachtaí agus hinstitiúidí inniúla poiblí agus/nó príobháideacha ó TCT páirt a ghlacadh sna cláir i gcomhréir le Cinneadh 2001/822/CE ón gComhairle maidir le comhlachú na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an gComhphobal Eorpach, IO L314, 30.11.2001, lch.1.

(28) Ba cheart for-rochtain iomchuí, poiblíocht agus scaipeadh na ndeiseanna agus torthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo a áirithiú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus áitiúil. Ba cheart do na gníomhaíochtaí for-rochtana, poiblíochta agus scaipthe tarraingt ar chomhlachtaí cur chun feidhme uile an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, lena n-áirítear, más ábhartha, tacaíocht a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara eile.

(29) Chun an chumarsáid leis an phobal i gcoitinne a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun sineirgí idir gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin a threisiú , ba cheart do na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhartha cumarsáide faoin Rialachán seo rannchuidiú freisin le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh a chumhdach, ar an gcoinníoll go bhfuil siad sin bainteach le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.

(30) Chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart don Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach an úsáid is mó is féidir a bhaint as socruithe bainistíochta atá i bhfeidhm cheana. Ba cheart, dá bhrí sin, cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur de chúram ar struchtúir atá ann cheana, i.e. an Coimisiún, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir agus na Gníomhaireachtaí Náisiúnta arna n-ainmniú chun bainistiú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013.

(31) Chun cur chun feidhme fónta ó thaobh airgeadais de agus faireachán géar a dhéanamh ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar an leibhéal náisiúnta, tá sé tábhachtach úsáid a bhaint as na hÚdaráis Náisiúnta atá ann cheana, arna n-ainmniú chun bainistiú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013.

(32) Chun bainistíocht fhónta airgeadais agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i ngach tír rannpháirteach, ba cheart do gach Údarás Náisiúnta comhlacht neamhspleách iniúchóireachta a ainmniú. Más gá, agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht, féadfaidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta céanna arna ainmniú do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 a bheith i gceist anseo.

(33) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionós a ghearradh.

(34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[25].

(35) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad

[25] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

ginearálta an Aontais Eorpaigh[26], ba cheart don Choimisiún cláir oibre a ghlacadh agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi sin. Ba cheart na bearta is gá lena gcur chun feidhme a leagan amach sa chlár oibre, i gcomhréir le cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, na critéir roghnúcháin agus dámhachtana le haghaidh deontas, chomh maith le gach aon ghné eile is gá. Ba cheart cláir oibre agus aon leasú a dhéantar orthu trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin.

(36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a scála agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(37) Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht agus éifeachtacht, ba cheart don choiste a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 cabhrú leis an gCoimisiún i gcur chun feidhme an Rialacháin seo. Maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ba cheart don choiste sin cruinnithe a thionól i bhfoirm ar leith agus ba cheart a shainordú a ailíniú chun an ról nua seo a chomhlíonadh. Ba cheart gur faoi na tíortha rannpháirteacha a bheadh sin ionadaithe ábhartha a ainmniú do na cruinnithe sin, agus gnéithe saorálaíochta agus ceirde an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh á gcur san áireamh.

(38) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1288/2013 a leasú chun na hathruithe ar an tSeirbhís Dheonach Eorpach a thagann as na gníomhaíochtaí nua saorálaíochta a dtacaítear leo i gcreat an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur san áireamh.

(39) Tógann imchlúdach airgeadais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh faoi Cheannteideal 1a den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ar chistí arna n-athdháileadh ón gclár Erasmus+ freisin. Ba cheart do na cistí sin teacht go príomha ó leithreasuithe atá dírithe ar ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Deonaí Eorpaí a mhaoiniú a thiocfadh faoi raon feidhme na socrúchán saorálaíochta a dtacaítear leo faoin Rialachán seo. Chomh maith leis sin, ba cheart go ndéanfaí athdháileadh ar roinnt leithreasuithe ó Saoráid Ráthaíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn, nach dócha go ndéanfaí iad a chuimsiú faoi Erasmus+, i bhfianaise cómhaoiniú leormhaith a sholáthar ar son costas oibriúcháin na ngníomhaireachtaí náisiúnta agus go dtabharfaí iad níos mó i gcomhréir le cumas ionsúcháin na gníomhaíochta seo.

(40) Ba cheart forlíonadh breise a dhéanamh ar imchlúdach airgeadais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh faoi Cheannteideal 1a den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil le ranníocaíochtaí ó chláir agus ó cheannteidil eile, rud a fhágann go bhfuil gá le leasú ar Rialacháin (AE) Uimh. 1293/2013[27], (AE) Uimh. 1303/2013[28], (AE)

---

[26] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle, IO L 298, 26.10.2012, lch. 1.

[27] Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007. (IO L 347, 20.12.2013, lch. 185).

[28] Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na

Uimh. 1305/2013[29], (AE) Uimh. 1306/2013[30] agus ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE[31] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(41) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2018, Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

29 Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

30 Rialachán (AE) Uimh. 1306/2016 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

31 Cinneadh (CE) Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
**Ábhar**

Sa Rialachán seo leagtar síos an creat dlíthiúil don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, a thairgfidh deiseanna do dhaoine óga chun gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dhéanamh.

*Airteagal 2*
**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn *"gníomhaíocht dlúthpháirtíochta"* gníomhaíocht arb é is aidhm di freastal ar riachtanais neamh-chomhlíonta na sochaí chun leasa pobail, agus forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil an duine aonair a chothú ag an am céanna, agus féadfaidh siad tarlú i bhfoirm socrúchán, tionscadal nó gníomhaíochtaí líonraithe, arna bhforbairt i réimsí éagsúla, amhail oideachas agus oiliúint, fostaíocht, comhionannas inscne, fiontraíocht, go háirithe fiontraíocht shóisialta, saoránacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach, cosaint an chomhshaoil agus an dúlra, gníomhú ar son na haeráide, cosc tubaistí, ullmhacht agus téarnamh, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, soláthar bia agus ábhar neamhbhia, sláinte agus folláine, cruthaitheacht agus cultúr, corpoideachas agus spórt, cúnamh agus leas sóisialta, glacadh agus lánpháirtíocht náisiúnach tríú tír, comhar agus comhtháthú críochach;

(2) ciallaíonn *"rannpháirtí"* duine óg atá cláraithe ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus a ghlacann páirt i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta a thairgeann eagraíocht rannpháirteach faoi choimirce an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;

(3) ciallaíonn *"daoine óga faoi mhíbhuntáiste"* daoine aonair a mbíonn tacaíocht bhreise ag teastáil uathu mar gheall ar mhíchumas, deacrachtaí oideachais, constaicí eacnamaíocha, difríochtaí cultúrtha, fadhbanna sláinte, constaicí sóisialta, constaicí geografacha;

(4) ciallaíonn *"eagraíocht rannpháirteach"* aon eintiteas poiblí nó príobháideach ar cuireadh lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ina leith, a thairgeann socrúchán do rannpháirtí sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach nó a chuireann gníomhaíochtaí eile chun feidhme i gcreat an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;

(5) ciallaíonn *"socrúchán dlúthpháirtíochta"* gníomhaíocht saorálaíochta, cúrsa oiliúna nó post in earnáil a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht, arna heagrú ag eagraíocht rannpháirteach, agus a chabhraíonn le dul i ngleic le príomhdhúshláin na sochaí chomh maith le feabhas a chur ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil agus ar infhostaitheacht an rannpháirtí ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a thugann fúithi, i dtír nach í a thír chónaithe í (trasteorann) nó i dtír chónaithe an rannpháirtí (intíre);

(6) ciallaíonn *"saorálaíocht"* seirbhís dheonach lán-aimseartha [32]neamhíoctha ar feadh tréimhse nach mó ná dhá mhí déag, a thugann deis do dhaoine óga rannchuidiú le hobair laethúil eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht, chun leasa deiridh na bpobal ina mbíonn na gníomhaíochtaí ar siúl, a chuimsíonn gné láidir foghlama agus oiliúna chun cabhrú leis na saorálaithe óga scileanna agus inniúlachtaí a shealbhú, a bheidh úsáideach acu dá bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta agus ghairmiúil, agus a chabhróidh freisin chun a n-infhostaitheacht a fheabhsú;

(7) ciallaíonn *"socrúcháin foirne saorálaíochta"* socrúcháin a ligeann d'fhoirne rannpháirtithe ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach as tíortha éagsúla rannpháirteacha a bheith ina saorálaithe i dteannta a chéile ar son aon chomhchuspóra amháin, trí thascanna láimhe nó intleachtúla a dhéanamh, ar thionscadal fiúntach pobail ar feadh tréimhse nach lú ná dhá sheachtain í agus nach mó ná dhá mhí í.

(8) ciallaíonn "cúrsa oiliúna" tréimhse de chleachtadh oibre a mhaireann idir dhá mhí agus dhá mhí dhéag, a íocann an ósteagraíocht a mbíonn rannpháirtí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh mar óstach inti, bunaithe ar chomhaontú scríofa cúrsa oiliúna, a chuimsíonn cuid foghlama agus cuid oiliúna, agus a dtugtar faoi chun taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a shealbhú d'fhonn infhostaitheacht a fheabhsú agus aistriú a éascú go gnáthfhostaíocht;

(9) ciallaíonn *"post"* tréimhse oibre ó dhá mhí go dhá mhí dhéag, a íocann an eagraíocht rannpháirteach a fhostaíonn rannpháirtí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, a dhéantar i dtír rannpháirteach agus atá bunaithe ar chonradh fostaíochta i gcomhréir le creat rialála náisiúnta na tíre sin atá rannpháirteach;

(10) ciallaíonn *"tionscadal dlúthpháirtíochta"* tionscnamh áitiúil a dhéantar ar feadh tréimhse ó dhá mhí go dhá mhí dhéag, agus a chuirtear ar bun agus a dhéanann grúpaí de chúigear rannpháirtithe, ar a laghad, ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, d'fhonn dul i ngleic le príomhdhúshláin laistigh dá bpobal áitiúil féin ach á nascadh le peirspictíocht Eorpach níos leithne ag an am céanna;

(11) ciallaíonn *"lipéad cáilíochta"* deimhniúchán a chuirtear i leith eintiteas poiblí nó príobháideach nó eagraíocht idirnáisiúnta atá toilteanach socrúcháin a chur ar fáil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoi nós imeachta atá dírithe ar chomhlíonadh prionsabal agus riachtanas Chairt an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a áirithiú;

(12) ciallaíonn *"Cairt an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh"* an doiciméad ina leagtar amach na cearta agus na freagrachtaí faoi seach is gá do gach eintiteas atá toilteanach bheith ina bhall den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach aontú go gcloífidh sé leo.

(13) ciallaíonn *"Ionad Acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh"* na feidhmeanna breise a dhéanann gníomhaireacht náisiúnta ainmnithe chun tacú le forbairt agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach chomh maith le sainaithint na n-inniúlachtaí arna sealbhú ag na rannpháirtithe trína socrúcháin agus tionscadail;

(14) ciallaíonn *"Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh"* uirlis a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha ar líne do rannpháirtithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus dá n-eagraíochtaí rannpháirteacha, lena n-áirítear eolas a sholáthar maidir leis an

[32] Mar phrionsabal ginearálta, gníomhaíocht a dhéantar ar bhonn leanúnach, 5 lá sa tseachtain ar feadh 7 n-uaire an chloig in aghaidh an lae.

gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, rannpháirtithe a chlárú, rannpháirtithe do shocrúcháin a lorg, socrúcháin a fhógairt agus a lorg, eagraíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ina gcomhpháirtithe ar thionscadail a lorg, teagmhálacha agus tairiscintí le haghaidh socrúchán agus tionscadal a bhainistiú, gníomhaíochtaí oiliúna, cumarsáide agus líonraithe, eolas agus fógraí a chur ar fáil maidir le deiseanna, chomh maith le forbairtí ábhartha eile a bhaineann leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

*Airteagal 3*

**An cuspóir ginearálta**

Is é cuspóir an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh é rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí a fheabhsú i ngníomhaíochtaí inrochtana agus ar ardchaighdeán mar mhodh chun rannchuidiú le comhtháthú agus dlúthpháirtíocht a neartú san Eoraip, tacú le pobail agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí.

*Airteagal 4*

**Sainchuspóirí**

Saothróidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach na sainchuspóirí seo a leanas:

(a) deiseanna atá inrochtana go héasca a sholáthar do dhaoine óga, le tacaíocht ó na heagraíochtaí rannpháirteacha, chun gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dhéanamh agus feabhas a chur ag an am céanna ar a gcuid scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil, chomh maith le feabhas a chur ar a n-infhostaitheacht agus aistriú isteach sa mhargadh saothair a éascú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do shoghluaisteacht saorálaithe, oiliúnaithe agus oibrithe óga;

(b) áirithiú a dhéanamh go mbíonn na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear do rannpháirtithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ag cabhrú chun freastal ar riachtanais nithiúla na sochaí nach bhfuil freastal déanta orthu agus ag neartú pobal, agus go mbíonn siad ar ardchaighdeán agus bailíochtaithe mar is ceart.

*Airteagal 5*

**Comhleanúnachas agus comhlántacht ghníomhaíochtaí an Aontais**

1. Beidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhsheasmhach agus comhlántach leis na beartais agus na cláir ábhartha a bhaineann leis na réimsí atá luaite in Airteagal 2(1) chomh maith le líonraí ábhartha atá ann cheana ar leibhéal an Aontais atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

2. Rachaidh an Coimisiún agus na tíortha rannpháirteacha i gcomhar le chéile chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach, trí chomhleanúnachas a áirithiú idir na cláir agus scéimeanna náisiúnta a bhaineann le dlúthpháirtíocht, oideachas, gairmoiliúint agus an óige, ar lámh amháin, agus gníomhaíochtaí faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ar an lámh eile. Tógfaidh na gníomhaíochtaí sin ar dhea-chleachtais ábhartha agus ar chláir atá ann cheana.

3. Féadfaidh go ndéanfaidh cláir eile de chuid an Aontais ranníocaíocht le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh trí thacú le gníomhaíochtaí atá laistigh dá raon feidhme. Maoineofar an ranníocaíocht sin i gcomhréir lena mbunghníomhartha faoi seach.

# CAIBIDIL II
# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHÓIR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPAIGH

*Airteagal 6*

**Gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh**

Saothróidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chuspóirí tríd na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) socrúcháin dlúthpháirtíochta, tionscadail agus gníomhaíochtaí líonraithe

(b) bearta cáilíochta agus tacaíochta.

*Airteagal 7*

**Socrúcháin dlúthpháirtíochta, tionscadail agus gníomhaíochtaí líonraithe**

1. Tacóidh an Ghníomhaíocht seo leis an méid seo a leanas:

(a) socrúcháin dlúthpháirtíochta i bhfoirm saorálaíochta, cúrsaí oiliúna nó postanna, lena n-áirítear socrúcháin aonair trasteorann agus intíre chomh maith le socrúcháin foirne saorálaíochta;

(b) tionscadail dlúthpháirtíochta ar thionscnamh rannpháirtithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;

(c) gníomhaíochtaí líonraithe do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

2. Measfar na socrúcháin saorálaíochta trasteorann dá dtagraítear i bpointe (a) faoi mhír 1 a bheith coibhéiseach leo siúd a dhéantar faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach agus léifear tagairtí don tSeirbhís Dheonach Eorpach i reachtaíocht an Aontais mar thagairtí don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach freisin maidir leis na socrúcháin sin.

*Airteagal 8*

**Bearta cáilíochta agus tacaíochta**

Tacóidh an Ghníomhaíocht seo leis an méid seo a leanas:

(a) bearta atá dírithe ar cháilíocht socrúchán dlúthpháirtíochta a áirithiú, lena n-áirítear oiliúint, tacaíocht teanga, tacaíocht riaracháin le haghaidh rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha, árachas, tacaíocht iar-shocrúcháin chomh maith le forbairt deimhniúcháin a shainaithníonn agus a dhéanann doiciméadú ar eolas, scileanna, inniúlachtaí a sealbhaíodh le linn an tsocrúcháin;

(b) forbairt agus cothabháil ar lipéad cáilíochta le haghaidh eintiteas atá toilteanach socrúcháin a sholáthar don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach d'fhonn a áirithiú go go gcomhlíonfar prionsabail agus riachtanais Chairt an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;

(c) gníomhaíochtaí Ionad Acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun tacú le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, cáilíocht an chur chun feidhme a ardú, agus bailíochtú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a fheabhsú;

(d) Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus seirbhísí ábhartha eile ar líne, chomh maith leis na córais tacaíochta TF agus uirlisí gréasán-bhunaithe is gá, a bhunú, a chothabháil agus a nuashonrú.

# CAIBIDIL III
# FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 9*
**Buiséad**

1. Tá an buiséad iomlán a bheidh ar fáil leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chur chun feidhme leagtha síos ag EUR 341 500 000 i bpraghsanna reatha, don tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2020.

2. Áirítear sa mhéid dá dtagraítear i mír 1 imchlúdach airgeadais de EUR 294 200 000[33] i bpraghsanna reatha arna fhorlíonadh le ranníocaíochtaí ó:

   (a) Ciste Sóisialta na hEorpa, ag tabhairt ranníocaíochta de EUR 35 000 000 i bpraghsanna reatha;

   (b) Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta, ag tabhairt ranníocaíochta de EUR 6 000 000 i bpraghsanna reatha;

   (c) an clár LIFE, ag tabhairt ranníocaíochta de EUR 4 500 000 i bpraghsanna reatha;

   (d) an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, ag tabhairt ranníocaíochta de EUR 1 800 000 i bpraghsanna reatha;

3. Is 80 %, go táscach, a bheidh sa tacaíocht airgeadais le haghaidh socrúchán agus tionscnamh dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i mír (a) agus i mír (b) d’Airteagal 7 (1) le haghaidh socrúchán saorálaíochta agus tionscnamh dlúthpháirtíochta; agus 20 % le haghaidh cúrsaí oiliúna agus socrúchán post.

4. Féadfaidh an leithdháileadh airgeadais speansais a chumhdach freisin a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta atá riachtanach chun an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bhainistiú agus a chuspóirí a bhaint amach, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, speansais a bhaineann le Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus na córais tacaíochta TF is gá a bhunú, a chothabháil agus a nuashonrú, agus gach speansas eile don chúnamh teicniúil agus riaracháin arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bhainistiú.

5. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil sa bhuiséad tar éis 2020 chun speansais chosúla a chumhdach, le go bhféadfar gníomhaíochtaí nach mbeidh críochnaithe go fóill faoin 31 Nollaig 2020 a bhainistiú.

6. Féadfar tír rannpháirteach maoiniú náisiúnta a chur ar fáil do thairbhithe le bainistiú i gcomhréir le rialacha an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus, chuige sin, úsáid a

[33] Is é an t-imchlúdach airgeadais seo *an méid príomhthagartha* de réir bhrí phointe 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (2013/C 373/01) idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais.

bhaint as struchtúir dhíláraithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, chomh fada is go n-áirithítear maoiniú *pro rata* comhlántach na struchtúr seo.

*Airteagal 10*
**Cineálacha maoinithe ón Aontas**

1. Féadfar go gcuirfí maoiniú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar fáil i gcineál amháin nó níos mó de na cineálacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012, go háirithe deontais, soláthar agus duaiseanna.

2. Féadfaidh an Coimisiún an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chur chun feidhme go neamhdhíreach i gcomhréir le hAirteagal 58(1)(c) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 966/2012.

# CAIBIDIL IV
# RANNPHÁIRTÍOCHT SA CHÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH

*Airteagal 11*
**Tíortha rannpháirteacha**

1. Beidh na Ballstáit rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

2. Beidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach oscailte le haghaidh rannpháirtíocht thíortha eile ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha. Beidh an comhar sin bunaithe, i gcás inarb ábhartha, ar leithreasuithe breise a bheidh le cur ar fáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bheidh le comhaontú leis na tíortha sin.

*Airteagal 12*
**Rannpháirtíocht daoine aonair**

1. Cláróidh daoine aonair atá idir 17 agus 30 bliain d’aois agus toilteanach a bheith rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ar a shon sin, an tráth a thosóidh socrúchán nó tionscadal beidh duine óg atá cláraithe 18 mbliana d’aois ar a laghad agus gan a bheith os cionn 30 bliain d’aois.

2. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, go ndéanfar iarrachtaí ar leith chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, go háirithe le haghaidh rannpháirtíocht daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste.

*Airteagal 13*
**Eagraíochtaí rannpháirteacha**

1. Beidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach oscailte le haghaidh rannpháirtíocht eintiteas poiblí nó príobháideach, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ar an gcoinníoll go bhfuil lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh faighte acu.

2. Déanfaidh comhlacht inniúil cur chun feidhme de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh measúnú ar iarratas ó eintiteas atá incháilithe le bheith ina eagraíocht rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun fáil amach an gcloíonn a ghníomhaíochtaí le riachtanais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

3. Mar thoradh ar an measúnú féadfar lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a lua leis an eintiteas. Déanfar an lipéad a fuarthas a athmheasúnú go tréimhsiúil agus féadfar é a chúlghairm.

4. Aon eintiteas a bhfuil lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh faighte aige, tabharfar rochtain ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh dó agus ceadófar dó tairiscintí a dhéanamh do dhaoine aonair cláraithe le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta.

5. Ní leanfaidh maoiniú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach go huathoibríoch as lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a fháil.

6. Féadfar gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus bearta ábhartha cáilíochta agus tacaíochta a thairgeann eagraíocht rannpháirteach maoiniú a fháil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach nó faoi chlár eile de chuid an Aontais atá ag rannchuidiú go neamhspleách le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh nó ó fhoinsí eile maoinithe nach mbíonn ag brath ar bhuiséad an Aontais.

*Airteagal 14*

**Rochtain ar mhaoiniú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh**

Féadfar aon eintiteas poiblí nó príobháideach atá bunaithe i dtír rannpháirteach chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéanann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta sna tíortha rannpháirteacha iarratas ar mhaoiniú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chur isteach. I gcás na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 7(1), gheobhaidh an eagraíocht rannpháirteach lipéad cáilíochta mar réamhchoinníoll le maoiniú a fháil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. I gcás na dtionscadal dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 7(1), féadfaidh daoine nádúrtha cur isteach ar mhaoiniú ar son grúpaí neamhfhoirmiúla de rannpháirtithe sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

# CAIBIDIL V
# FEIDHMÍOCHT, TORTHAÍ AGUS SCAIPEADH

*Airteagal 15*

**Faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht agus torthaí**

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, faireachán rialta ar fheidhmíocht an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i dtreo a chuspóirí a bhaint amach.

2. Déanfar measúnú ar dhul chun cinn ar shainchuspóirí trí úsáid a bhaint as táscairí, ar nós:

   (a) líon na rannpháirtithe ar shocrúcháin saorálaíochta (intíre agus trasteorann);

   (b) líon na rannpháirtithe ar shocrúcháin cúrsaí oiliúna (intíre agus trasteorann);

   (c) líon na rannpháirtithe ar shocrúcháin post (intíre agus trasteorann);

   (d) líon na rannpháirtithe i dtionscadail dlúthpháirtíochta;

   (e) líon na n-eagraíochtaí a bhfuil lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh acu.

   Sé mhí, ar a dhéanaí, tar éis teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe le faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin seo.

3. In 2020, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina mbeidh an dul chun cinn i dtreo a chuspóirí a bhaint amach á mheas inti, lena n-áirítear an sprioc chun deiseanna a thairiscint do100 000 duine óg faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoin mbliain 2020 (gach socrúchán agus tionscadal dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 7(1) san áireamh).

4. Ceithre bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo déanfaidh an Coimisiún meastóireacht neamhspleách ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste na Réigiún agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

*Airteagal 16*

**Cumarsáid agus scaipeadh**

1. Áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na tíortha rannpháirteacha, go ndéanfar faisnéis, ábhar poiblíochta agus obair leantach a scaipeadh maidir leis na gníomhaíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht i gcreat an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

2. Forbróidh na húdaráis náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 20 beartas comhsheasmhach maidir le for-rochtain éifeachtach chomh maith le scaipeadh agus saothrú torthaí na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi na gníomhartha a ndéanann siad bainistiú orthu, agus cabhróidh siad leis an gCoimisiún sa chúram ginearálta i dtaca le faisnéis a bhaineann leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a scaipeadh, lena faisnéis i ndáil le gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus a chuid torthaí, agus cuirfidh siad spriocghrúpaí ábhartha ar an eolas faoi na tionscnaimh atá á ndéanamh ina dtír.

3. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí cumarsáide freisin le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, ar choinníoll go bhfuil baint acu sin le cuspóir ginearálta an Rialacháin seo.

# CAIBIDIL VI
# CÓRAS BAINISTÍOCHTA AGUS INIÚCHÓIREACHTA

*Airteagal 17*

**Na comhlachtaí cur chun feidhme**

Is iad seo a leanas a chuirfidh an Rialachán seo chun feidhme ar mhodh comhsheasmhach:

(a) an Coimisiún, ar leibhéal an Aontais;

(b) na húdaráis náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta san tíortha rannpháirteacha.

*Airteagal 18*

**An t-údarás náisiúnta**

I ngach tír atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, gníomhóidh na húdaráis náisiúnta atá ainmnithe chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 a bhainistiú mar údaráis náisiúnta i gcreat an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh freisin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1, 3, 5, 8, 9, 11, 12, 13, 14, 15 agus 16 d'Airteagal 27 den Rialachán sin i gcás an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. I gcás tíortha dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 11 den Rialachán seo, áit nach n-aithnítear údarás

náisiúnta don tír sin, ainmneofar é i gcomhréir le mír 2 go mír 6 agus mír 8 go mír 15 d'Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013.

*Airteagal 19*

**Comhlacht neamhspleách iniúchóireachta**

1. Ainmneoidh an t-údarás náisiúnta comhlacht iniúchóireachta neamhspleách. Eiseoidh an comhlacht iniúchóireachta neamhspleách tuairim iniúchóireachta maidir leis an dearbhú bliantúil bhainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 60(5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

2. Maidir leis an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta:

   (a) beidh na hinniúlachtaí gairmiúla is gá aige chun iniúchtaí san earnáil phoiblí a dhéanamh;

   (b) áiritheoidh sé go gcuirfear caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta i gcuntas sna hiniúchtaí;

   (c) ní bheidh coinbhleacht leasa ag baint leis maidir leis an eintiteas dlíthiúil a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 20 ina cuid de, agus beidh sé, i dtaca lena chuid feidhmeanna, neamhspleách ar an eintiteas dlíthiúil a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta ina cuid de.

3. Cuirfidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta ar fáil don Choimisiún agus dá ionadaithe agus don Chúirt Iniúchóirí rochtain iomlán ar gach doiciméad agus tuarascáil i dtaca leis an tuairim iniúchóireachta a eisíonn sé maidir le dearbhú bliantúil bhainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta.

*Airteagal 20*

**An ghníomhaireacht náisiúnta**

1. I ngach tír atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, gníomhóidh na gníomhaireachtaí náisiúnta, atá ainmnithe ina dtíortha faoi seach chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil III de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 a bhainistiú, mar ghníomhaireachtaí náisiúnta freisin i gcreat an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

   Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1, 2, 5, 6, 7 agus 8 d'Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh.1288/2013 i gcás an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

2. Gan dochar d'Airteagal 28 (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, beidh an ghníomhaireacht náisiúnta freagrach freisin as gach céim de shaolré thionscadal na ngníomhaíochtaí sin de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a liostaítear sna gníomhartha cur chun feidhme in Airteagal 24 a bhainistiú, i gcomhréir le pointe (c)(v) agus (vi) d'Airteagal 58(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus i gcomhréir le hAirteagal 44 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún[34].

---

[34] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, IO L 362, 31.12.2012, lch. 1.

3. I gcás tíortha dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 11 den Rialachán seo, áit nach bhfuil gníomhaireacht náisiúnta ainmnithe don tír sin, bunófar í gcomhréir le míreanna 2, 5, 6, 7 agus 8 d'Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013.

*Airteagal 21*
**An Coimisiún Eorpach**

1. Leagfar síos i ndoiciméad scríofa na rialacha a bhaineann leis an gcaidreamh idir an Coimisiún agus gníomhaireacht náisiúnta agus:

   (a) leagfar síos ann na caighdeáin rialaithe inmheánaigh le haghaidh na ngníomhaireachtaí náisiúnta agus na rialacha maidir le bainistiú chistí an Aontais i gcomhair tacaíochta deontais ag na gníomhaireachtaí náisiúnta;

   (b) áireofar ann clár oibre na gníomhaireachta náisiúnta ina bhfuil cúraimí bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta dá bhfuil tacaíocht ón Aontas á cur ar fáil;

   (c) sonrófar ann na ceanglais tuairiscithe le haghaidh na gníomhaireachta náisiúnta.

2. Gach bliain cuirfidh an Coimisiún na cistí seo a leanas ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta:

   (a) cistí le haghaidh tacaíocht deontais sa tír rannpháirteach lena mbaineann do ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar cuireadh de chúram ar an ngníomhaireacht náisiúnta iad a bhainistiú;

   (b) ranníocaíocht airgeadais ag tacú le cúraimí bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta arna sainmhíniú de réir na modheolaíochtaí a ndéantar cur síos orthu i bpointe (b) d'Airteagal 29(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013.

3. Leagfaidh an Coimisiún síos na ceanglais do chlár oibre na gníomhaireachta náisiúnta. Ní chuirfidh an Coimisiún cistí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta sula mbeidh clár oibre na gníomhaireachta náisiúnta formheasta go foirmiúil aige.

4. Ar bhonn na gceanglas comhlíontachta do ghníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 27(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na córais náisiúnta bhainistíochta agus rialaithe, ar dhearbhú bhainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta agus ar thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúchóireachta ina leith, agus an fhaisnéis ón údarás náisiúnta maidir lena ghníomhaíochtaí faireacháin agus maoirseachta ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach á cur i gcuntas go cuí.

5. Nuair a bheidh measúnú déanta aige ar an dearbhú bliantúil bhainistíochta agus ar thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúchóireachta ina leith, cuirfidh an Coimisiún a thuairim agus a bharúlacha in iúl don ghníomhaireacht náisiúnta agus don údarás náisiúnta.

6. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an dearbhú bliantúil bhainistíochta leis an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina leith, nó i gcás ina gcuireann an ghníomhaireacht náisiúnta barúlacha an Choimisiún chun feidhme go míshásúil, féadfaidh an Coimisiún aon bhearta ceartaitheacha agus réamhchúraim is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

7. Eagróidh an Coimisiún cruinnithe rialta le gréasán na ngníomhaireachtaí náisiúnta d'fhonn cur chun feidhme comhtháite an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a áirithiú ar fud na dtíortha rannpháirteacha uile.

# CAIBIDIL VII
# CÓRAS RIALAITHE

*Airteagal 22*

**Prionsabail an chórais rialaithe**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áiritheofar, nuair a chuirfear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí rialuithe éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha.

2. Beidh an Coimisiún freagrach as na rialuithe maoirseachta maidir le gníomhartha agus gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhainistíonn na gníomhaireachtaí náisiúnta. Socróidh sé na híoscheanglais do na rialuithe arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht náisiúnta agus ag an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta.

3. Beidh rialuithe príomhúla ar thairbhithe deontais de chúram ar na gníomhaireachtaí náisiúnta le haghaidh na gníomhaíochtaí den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar cuireadh de chúram orthu iad. Tabharfaidh na rialuithe sin urrús réasúnach go mbaintear úsáid as na deontais arna mbronnadh de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhlíonadh rialacha an Aontais is infheidhme.

4. Maidir le cistí arna n-aistriú chuig na gníomhaireachtaí náisiúnta, áiritheoidh an Coimisiún comhordú ceart ar a rialuithe leis na húdaráis náisiúnta agus leis na gníomhaireachtaí náisiúnta, ar bhonn an phrionsabail iniúchóireachta aonair agus tar éis anailís a dhéanamh bunaithe ar riosca. Ní bhaineann an fhoráil sin le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

*Airteagal 23*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Beidh an chumhacht ag an gCoimisiún iniúchtaí a dhéanamh nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir, ar gach fochonraitheoir agus tríú páirtithe eile a fuair cistí de chuid an Aontais. Féadfaidh siad iniúchtaí agus seiceálacha a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí náisiúnta freisin.

2. Féadfaidh OLAF seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[35]

[35] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile, IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas.

3. Gan dochar do mhír 1 agus do mhír 2, le comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe deontais, cinntí deontais agus conarthaí deontais a thig ón Rialachán seo a chur chun feidhme, cumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh.

# CAIBIDIL VII
# FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 24*

**Cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh**

1. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún cláir oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Áiritheofar le gach clár oibre go gcuirfear chun feidhme na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 ar mhodh comhsheasmhach agus tabharfaidh siad breac-chuntas ar na torthaí ionchasacha, ar an modh cur chun feidhme agus ar a méid iomlán. Cuimseofar sna cláir oibre freisin tuairisc ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú, léiriú ar an méid arna leithdháileadh ar gach gníomhaíocht, agus dáileadh na gcistí idir na tíortha rannpháirteacha i gcomhair na ngníomhaíochtaí arna mbainistiú trí na gníomhaireachtaí náisiúnta, agus tráthchlár táscach cur chun feidhme.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(2).

*Airteagal 25*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an coiste a bunaíodh le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

# CAIBIDIL IX
# FORÁLACHA LEASAITHEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 26*

**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013:

“1. Trí ghníomhaíocht soghluaisteachta foghlama do dhaoine aonair cothófar:

(a) soghluaisteacht daoine óga i ngníomhaíochtaí neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúla idir tíortha an Chláir; féadfaidh malartuithe óige agus saorálaíocht a bheith i gceist leis an tsoghluaisteacht sin, chomh maith le gníomhaíochtaí nuálaíocha ag tógáil ar fhorálacha atá ann cheana maidir le soghluaisteacht;

(b) soghluaisteacht na ndaoine sin atá gníomhach in obair leis an óige nó in eagraíochtaí don óige agus soghluaisteacht ceannairí ógra; féadfaidh oiliúint agus gníomhaíochtaí líonraithe a bheith i gceist le soghluaisteacht den sórt sin.

2. Leis an ngníomhaíocht sin, tacófar le soghluaisteacht daoine óga, saorálaíocht san áireamh, chomh maith le soghluaisteacht daoine atá gníomhach in obair leis an óige nó in eagraíochtaí don óige agus ceannairí ógra, chuig tíortha comhpháirtíochta agus ó na tíortha sin, go háirithe tíortha comharsanachta.

3. Measfar na gníomhaíochtaí saorálaíochta dá dtagraítear i mír 1(a) agus i mír 2 a bheith coibhéiseach leo siúd a dhéantar faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach agus léifear na tagairtí don tSeirbhís Dheonach Eorpach i reachtaíocht an Aontais mar thagairtí do na gníomhaíochtaí saorálaíochta sin freisin."

2. In Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 , cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, mhír 2 agus mhír 3:

"1. Socraítear gurb é EUR 14 576 824 000 i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais chun an Clár seo a chur chun feidhme amhail ón 1 Eanáir 2014.

2. Déanfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí an Chláir mar a leanas, le corrlach solúbthachta nach mó ná 5 % de gach ceann de na méideanna leithdháilte:

(a) 80,7 % ar a laghad ar an oideachas agus ar an oiliúint, as a sannfar na leithdháiltí íosta seo a leanas:

(i) 44,3 % ar an ardoideachas, a sheasann do 35,7 % den bhuiséad iomlán;

(ii) 21,4 % ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint, a sheasann do 17,3 % den bhuiséad iomlán;

(iii) 14,6 % ar an oideachas scoile, a sheasann do 11,8 % den bhuiséad iomlán;

(iv) 4,9 % ar fhoghlaim aosach, a sheasann do 3,9 % den bhuiséad iomlán;

(b) 8,8 % ar an óige;

(v) suas le 1,5 % ar Shaoráid Ráthaíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn;

(d) 1,9 % ar Jean Monnet;

(e) 1,8 % ar an spórt, nach leithdháiltear níos mó ná 10 % de ar an ngníomhaíocht a luaitear faoi phointe (b) d'Airteagal 17(1);

(f) 3,5 % mar dheontais oibriúcháin do ghníomhaireachtaí náisiúnta;

(g) 1,8 % chun an caiteachas riaracháin a chlúdach.

3. Maidir leis na leithdháiltí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2, déanfar 63 % ar a laghad a leithdháileadh ar shoghluaisteacht foghlama daoine aonair, 27 % ar a laghad ar chomhar um nuáil agus um malartú dea-chleachtas agus 4,2 % ar a laghad chun tacú le hathchóiriú beartas.

*Airteagal 27*
**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013**

In Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. EUR 3 000 000 ar a mhéid i bpraghsanna reatha ón bhfochlár don Chomhshaol a fhreagróidh don réimse tosaíochta Rialachas Comhshaoil agus Faisnéis Chomhshaoil agus EUR 1 500 000 i bpraghsanna reatha ón bhfochlár do Ghníomhú ar son na hAeráide a fhreagróidh don réimse tosaíochta Rialachas Aeráide agus Faisnéis Aeráide a leithdháilfear chun tionscadail de réir bhrí Airteagal 17(4) arna chur chun feidhme ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a mhaoiniú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2017/XXX, ar tionscadail iad a rannchuidíonn le ceann nó níos mó de na réimsí tosaíochta de réir bhrí Airteagal 9 agus Airteagal 13. Déanfar an leithdháileadh seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/XXX amháin, d'eisiamh ó cheanglais shonracha Rialacháin (AE) Uimh. 1293/2013. "

*Airteagal 28*
**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 58(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfaidh Cistí SIE tacú leis na bearta ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus cúnaimh theicniúil, meastóireachta, iniúchóireachta agus rialaithe is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus tacú le gníomhaíochtaí de bhun Rialachán (AE) 2017/XXX dá dtagraítear sa tríú fomhír a mhéid a shaothraíonn na gníomhaíochtaí sin an aidhm de chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach".

(b) Sa tríú fomhír, cuirtear an pointe (m) seo a leanas leis:

"(m) gníomhaíochtaí arna maoiniú de bhun Rialachán (AE) 2017/XXX maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach d'fhonn forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil daoine óga a fheabhsú, chomh maith lena n-infhostaitheacht agus chun aistriú isteach sa mhargadh saothair a éascú."

2. In Airteagal 91(3), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Déanfar EUR 35 000 000 i bpraghsanna reatha den mhéid arna leithdháileadh ar chúnamh teicniúil de thionscnamh an Choimisiún a leithdháileadh ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun tacú lena chuid gníomhaíochtaí, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2017/XXX. Déanfar an leithdháileadh a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/XXX amháin, d'eisiamh ar cheanglais shonracha na Rialachán Ciste-shonracha."

*Airteagal 29*
**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013**

In Airteagal 51(1) de Rialachán Uimh. 1305/2013, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach faoin gcéad fhomhír:

"Féadfaidh CETFT gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, , a rannchuidíonn le ceann nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais le haghaidh forbairt tuaithe, a mhaoiniú freisin le EUR 1 800 000 i bpraghsanna reatha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/XXX. Déanfar an leithdháileadh a chur chun feidhme i gcomhréir le

Rialachán (AE) 2017/XXX amháin, d'eisiamh ar cheanglais shonracha Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013."

*Airteagal 30*

**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013**

In Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, cuirtear an pointe (j) seo a leanas leis:

"(j) gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/XXX, a rannchuidíonn le ceann nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe agus go háirithe na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Déanfar an leithdháileadh a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/XXX amháin, d'eisiamh ar cheanglais shonracha na Rialachán Ciste-shonracha."

*Airteagal 31*

**Leasú ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE**

In Airteagal 19(1) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an dara fomhír:

"Leithdháilfear EUR 6 000 000 i bpraghsanna reatha ón imchlúdach airgeadais atá díorthaithe ó Cheannteideal 3 "An tSlándáil agus an tSaoránacht" chun gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a mhaoiniú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/XXX, a rannchuidíonn le ceann nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais i réimse na cosanta sibhialta. Déanfar an leithdháileadh a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/XXX amháin, d'eisiamh ar cheanglais shonracha Rialachán (AE) Uimh. 1313/2013/AE."

*Airteagal 32*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2018.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimse/Réimsí beartais lena mbaineann

* 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra maidir le RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach

### 1.2. Réimse/Réimsí beartais lena mbaineann

Teideal 15 Oideachas agus Cultúr

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[36]

☐Baineann an togra/tionscnamh **le síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh **le beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Oideachas agus cultúr – Postanna agus fás

*1.4.2. 'Cuspóirí sonracha'*

Cuspóir Sonrach Uimh. 1

tacaíocht ó eagraíochtaí rannpháirteacha a chur ar fáil do dhaoine óga, le deiseanna atá inrochtana go héasca chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus lena linn sin ag feabhsú a gcuid scileanna agus inniúlachtaí ó thaobh forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil de, chomh maith lena n-infhostaitheacht agus ag éascú aistriú isteach i margadh an tsaothair, go háirithe trí thacú le soghluaisteacht oibrithe deonacha, oiliúnaithe agus oibrithe óga.

Cuspóir Sonrach Uimh. 2

áirithiú a dhéanamh go mbíonn na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear do rannpháirtithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ag cabhrú chun freastal ar riachtanais nithiúla na sochaí nach bhfuil freastal déanta orthu agus ag neartú pobal, agus go mbíonn siad ar ardchaighdeán agus bailíochtaithe mar is ceart.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Meastar go mbeidh impleachtaí ag an togra ar leibhéil éagsúla:

- ar leibhéal daoine aonair a bhíonn rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ós rud é go mbeidh an deis acu bheith rannpháirteach i réimse leathan

[36] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta chomh maith le bheith ina mbaill de pobal ar fud na hEorpa atá ar aon intinn leo. Cabhróidh seo leo chun a - ndlúthpháirtíocht, a dtiomantas agus a spreagadh a chur in iúl chun rannchuidiú i dtreo freastal ar phríomhdhúshláin na sochaí. Ag an am céanna, beidh deis acu taithí úsáideach a shealbhú chomh maith le scileanna agus inniúlachtaí tábhachtacha ar leas a bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil.

- ar leibhéal na n-eagraíochtaí a bhíonn rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus na pobail ina mbíonn baill den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ag feidhmiú, ós rud é go mbainfidh siad leas as an tacaíocht, airgeadais nó eile ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach chomh maith leis an gcabhair ó dhaoine óga díograiseacha chun gur fearr a dhéileálann siad leis na dúshláin a dtugann siad aghaidh orthu.

- ar leibhéal na sochaí, mar go riarann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar riachtanais nach riartar orthu agus dá bharr sin cuidíonn siad le hacmhainneacht agus athléimneacht pobal leochaileach a neartú agus le feabhas a chur ar chomhtháthú agus ar dhlúthpháirtíocht pobal.

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Beidh socruithe faireacháin bunaithe ar anailís chuimsitheach ar aschuir cháinníochtúla an Chláir, le cabhair ó chórais chuimsitheacha TF, rud a dhéanfaidh éascú ar bhailiú faisnéise cuí maidir le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh a chuirfear chun feidhme. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhtháscairí maidir le haschur a bhaileofar:

- líon na rannpháirtithe i socrúcháin saorálaíochta (intíre agus trasteorann);

- líon na rannpháirtithe i socrúcháin cúrsaí oiliúna (intíre agus trasteorann);

- líon na rannpháirtithe i socrúcháin poist (intíre agus trasteorann);

- líon na rannpháirtithe i dtionscadail dlúthpháirtíochta;

- líon na n-eagraíochtaí i seilbh lipéad cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

Sé mhí, ar a mhéad, tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe le faireachán a dhéanamh ar aschuir, thorthaí agus thionchair an Rialacháin seo.

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Chun Cór d'Eorpaigh óga díograiseacha atá toilteanach bheith rannpháirteach a bhunú - ina dtír dhúchais nó thar lear - i ngníomhaíochtaí saorálaíochta, i gcúrsaí oiliúna nó postanna i réimse a bhaineann le dlúthpháirtíocht.

Go soláthrófar deiseanna cinnte do 100 000 Eorpach óg faoin mbliain 2020.

Tacú le heagraíochtaí chun gníomhaíochtaí inrochtana agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil a mbeifí ag súil le go gcuirfidís le freastal a dhéanamh ar riachtanais na sochaí nach bhfuil freastal orthu, agus ag an am céanna ag cur le forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil daoine óga.

1.5.2. *Breisluach a éiríonn as rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh sé sin bheith ag éirí as fachtóirí éagsúla, e.g. gnóchain ó chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil nó comhlántachtaí). Chuige seo is é is ciall le 'breisluach a éiríonn as rannpháirteachas an Aontais' an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil ón Aontas a bhíonn sa bhreis ar an luach nach amhlaidh a bheadh cruthaithe ag Ballstáit amháin.*

Cuirfidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leis an ngné Eorpach den dlúthpháirtíocht. Comhlánfaidh sé freisin beartais phoiblí agus phríobháideacha, cláir agus gníomhaíochtaí agus ní bheidh éifeachtaí iomaíochta nó éifeachtaí an ionadaithe ag baint leis. Áiritheofar an éifeacht comhlánaithe mar go bhfreastlóidh an Cór ar riachtanais sochaí nach bhfuil freastal orthu fós, i.e. cásanna ina mbíonn riachtanais i measc pobal agus saoránach ann – e.g. mar gheall ar easpa acmhainní – nach ndéantar freastal orthu i margadh an tsaothair nó ag cláir eile saorálaíochta atá ann cheana nó cineálacha eile clár dlúthpháirtíochta.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt céanna san am a chuaigh thart*

Mar go mbaineann an ghné saorálaíochta leis, tógfaidh an Cór Dlúthpháirtíocht Eorpach ar mhúnla rathúil na Seirbhíse Deonaí Eorpaí a bhfuil rannchuidiú inbhraite déanta aici ar fhorbairt inniúlachtaí, foghlaim teanga, dearcaidh idirnáisiúnta a chothú agus cur chun cinn luachanna Eorpacha i measc daoine óga le fiche bliain anuas. Cé go mbeidh scóip an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh níos leithne ná scóip na Seirbhíse Deonaí Eorpaí, trí thacú le réimse níos leithne gníomhaíochtaí agus simpliú riaracháin a thabhairt isteach, caomhnóidh sé agus cuirfidh sé leis an gcreat cáilíochtúil (oiliúint, árachas, meantóireacht agus tacaíocht teanga, gné na foghlama do rannpháirtithe óga) arna bhforbairt faoi scéim na Seirbhíse Deonaí Eorpaí.

1.5.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Beidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhsheasmhach le héagsúlacht beartas agus clár ábhartha de chuid an Aontais agus ina gcomhlánú orthu, ar nós iad siúd a bhaineann le hoideachas agus oiliúint, fostaíochta, comhionannas inscne, fiontraíochta, go háirithe fiontraíocht shóisialta, saoránacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach, cosaint comhshaoil agus dúlra, gníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid, cosc tubaistí, ullmhacht agus gnóthú, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, soláthar bia agus ábhair neamhbhia, sláinte agus folláine, cruthaitheacht agus cultúr, corpoideachas agus spórt, cúnamh agus leas sóisialta, glacadh agus comhtháthú náisiúnach tríú tíortha, comhar críochach agus comhtháthú.

Beidh roinnt clár AE ag rannchuidiú le buiséad foriomlán an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh mar a bhfuil tuairisc orthu i gcuid 3 den doiciméad seo. Déanfaidh cláir agus cistí eile rannchuidiú le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh trína bhforálacha sonracha i gcomhréir lena mbunghníomhartha faoi seach.

| Fad agus tionchar airgeadais |
| --- |

☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– ☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ó 01/01/2018 go 31/12/2020

